ENTERPRISE IRELAND

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL & CUNTAIS 2017

Méadaigh gnó, méadaigh custaiméirí.







ENTERPRISE IRELAND

Chuig an Aire Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta

I gcomhréir leis an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht) 1998, cuireann Fiontraíocht Éireann faoi iamh leis seo a thuarascáil agus a chuid cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig, 2017.

**Julie Sinnamon**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach

*Buíochas speisialta dár gcuid cuideachtaí cliaint a n-úsáidtear a gcuid grianghraf sa tuarascáil seo;*
*Leathanach 8  Shekinah Adewumi, Comhbhunaitheoir TouchTech Payments.*
*Leathanach 12: Nora Twomey, Stiúrthóir Cruthaitheach, Cartoon Saloon.*
*Leathanach 15: John McCann, Bainisteoir Oibríochtaí, DEM Machines.*
*Leathanach 16: Eamonn Griffith, Bainisteoir Díolachán Idirnáisiúnta, Associated Rewinds.*
*Leathanach 19: Alex Murphy, Stiúrthóir Bainistíochta, BFree Foods.*

# Ár n-Obair

**Is é misean Fhiontraíocht Éireann ná feabhas mór a dhéanamh ar neart idirnáisiúnta fhiontraíocht na hÉireann ar fud gach réigiúin trí chumais nuála agus iomaíocha cuideachtaí Éireannacha a fheabhsú.**

Trí cheannairí gnó uaillmhianacha a spreagadh agus cabhrú leo chun scála a gcuid gnóthas a mhéadú agus leathnú isteach i margaí onnmhairí nua, comhlíonfaidh muid ár n-aidhm.

***Tá muid ag obair le cliaint trí líonra de chomhairleoirí margaidh agus earnála atá bunaithe i***

**10** **n-ionad in Éirinn**

**33** **hionad ar fud an domhain**

## Méadaigh Gnó

Tacaíonn Fiontraíocht Éireann le cuideachtaí Éireannacha uaillmhianacha de gach méid , chun scála níos mó a bhaint amach trí;

**Fiontraíocht a chothú agus a fhorbairt,**

**Leibhéil nuálaíochta a mhéadú,**

**Forbairt ceannaireachta a fheabhsú** agus,

**Iomaíochas a fheabhsú.**

## Méadaigh custaiméirí

Tacaíonn Fiontraíocht Éireann le cliaint chun **fás domhanda onnmhairí a bhrostú agus gníomhaíocht a chomhdhlúthú sa RA** trí;

**Tionchar ár** mbonn cliant a mhéadú ar fud an domhain,

Onnmhairí chuig an **limistéar euro a mhéadú,**

**Onnmhairí chuig an** Ríocht Aontaithe a chomhdhlúthú agus,

Deiseanna margaidh agus **earnála na** todhchaí a fheabhsú.

## Tá sainchúram speisialta againn:

Oibriú leis na **31 Oifig Fiontar Áitiúil** trínár **Lárionad Feabhais** chun tacú le gnóthais bheaga agus **micreaghnóthais**

**IDC sa tionscal bia** a tharraingt isteach go hÉirinn,

**Éire a chur chun cinn thar lear mar an** áit is fearr um staidéar thar lear a dhéanamh **don** ardoideachas.

# Clár an Ábhair


| | |
|---|---|
| Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF | 1 |
| Buaicphointí 2017 | 4 |
| Méadaigh Gnó | 6 |
| Méadaigh Custaiméirí | 14 |
| Leithdháileadh Cistí agus Costas in aghaidh an Phoist | 18 |
| Rialachas Corparáideach | 20 |
| Is iad seo a leanas baill an Bhoird agus na gCoistí | 23 |
| Ráitis Airgeadais | 28 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 28 |
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Bord | 30 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 33 |
| Ráiteas ar Ioncam agus Cúlchistí Coinnithe | 34 |
| Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh | 35 |
| Ráiteas faoi Sheasamh Airgeadais | 36 |
| Ráiteas faoi Shreafaí Airgid | 37 |
| Polasaithe cuntasaíochta | 38 |
| Nótaí do na Ráitis Airgeadais | 42 |
| Struchtúr na hEagraíochta | 64 |
| Líonra Oifigí Fhiontraíocht Éireann | 65 |

# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF

Bliain rathúil eile ab ea 2017 do chuideachtaí a dtacaíonn Fiontraíocht Éireann leo.

**Lean onnmhairí cliant ar aghaidh ag dul i méid don ochtú bliain as a chéile agus anois is ionann iad agus €22.7 billiún,** an leibhéal ab airde i stair an Stáit. Is ionann sin agus ráta fáis 7% don tréimhse, agus méadú beagnach €10 billiún ar onnmhairí ó bhí 2009 ann.

Mar ghníomhaireacht fhorbartha, déantar ár rath a thomhas ag cruthú post atá treoraithe ag onnmhairí agus bliain láidir eile ab ea 2017. Freisin lean an fhostaíocht bhainteach **i gcuideachtaí atá tacaithe ag Fiontraíocht Éireann ar aghaidh ag dul i méid buaicmhéid nua de 209,338** fostaithe ag ár gcuid cliant. Ba i réigiúin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ar cruthaíodh 64% de phoist nua i 2017. **Chuaigh fostaíocht i méid i ngach réigiún, gach earnáil agus gach contae.**

Tosaíocht lárnach d'Fhiontraíocht Éireann ná an bonn fostaíochta reatha a chothú agus mar thoradh ar an bhfuinneamh dearfach i bhfiontraíocht na hÉireann bhí glanghnóthachan poist de nach mór 40,000 post le cúig bliana anuas. **Anois tá ár gcuid cliant freagrach go díreach agus go hindíreach as beagnach 375,000 post i ngeilleagar na hÉireann.**

Tá an caiteachas gaolmhar sa gheilleagar measta ag **€26.79 billiún**, rud a dhearbhaíonn arís an ról mór atá ag fiontraíocht na hÉireann i rath agus i bhfás i mbailte ar fud na hÉireann.

Ba í 2017 an chéad bhliain de straitéis ceithre-bliana Fiontraíocht Éireann **'Méadú Gnó agus Méadú Custaiméirí'** d'fhiontraíocht Éireannach i margaí onnmhairí éagsúlaithe agus chomhlíon muid na méadrachtaí lárnacha feidhmíochta, i ngach gné dár straitéis:

## GNÓ A MHÉADÚ

I rith 2017, thacaigh muid le huaillmhian 181 chuideachta ag an gcéim luath, a raibh ina measc 90 gnóthas ar a dtugtar 'Gnóthas Nua Ardacmhainne; tugtar sin orthu mar a gheall ar a n-acmhainn ard um onnmhairiú agus chruthú post. Meastar go gcruthóidh na poist sin méid mheasta de 1,315 post faoi 2019. Tugadh faomhadh do 91 ghnó nua um infheistíochtaí de suas go €50,000 faoi Chiste Fhiontraíocht Éireann um Ghnóthais Nua Iomaíocha.

D'infheistigh muid go díreach i bhfás 232 cliant le pleananna infheistíochta de níos mó ná €500,000.

Chabhraigh muid le cliaint leas a bhaint as an nuáil **mar dhifreálaí lárnach chun gnó a fháil i margaí domhanda iomaíocha;** tacú le hinfheistíochtaí Taighde & Forbartha (T&F) de níos mó ná €100,000 i 99 gcliant agus tacú le níos mó ná 1,000 comhar nuálach idir cliaint agus foirne taighde in institiúidí ardoideachais. I 2017, ghabh 982 cliant do thionscadail R&D le caiteachas bliantúil de níos mó ná €100,000 agus ghabh 146 chliant do thionscadail T&F le hinfheistíocht de níos mó ná €1 mhilliún in aghaidh na bliana.

Chun deimhniú go mbíonn ár dTairiscint Nuálaíochta ar aon dul le héilimh an mhargaidh, d'fhorbair muid tairiscint agus ciste nua **Nuálaíochta Géarchúisí** a sheol muid i dtreo dheireadh 2017, agus measann muid go

bhfeicfidh muid a thionchar i 2018 agus ina dhiaidh.

Mar chomhordaitheoirí náisiúnta don Chlár **Horizon 2020 Programme** chabhraigh muid le rannpháirtithe Éireannacha €135 milliún de mhaoiniú a ghnóthú ó Horizon 2020, agus €60 milliún de sin gnóthaithe ag cuideachtaí Éireannacha.

**Chuir muid béim shíoraí ar iomaíochas a bhrú,** tacú le cliaint le Tionscnaimh Gnó Bharainnigh, chun cabhrú leo díriú ar laghdú costas agus táirgiúlacht a bhrú. Trí uaillmhian a chothú agus cumas ceannaireachta agus bainistíochta a fhorbairt, thug ár gcláir shuaitheanta doimhne na huirlisí, na teicnící agus an uaillmhian do 622 bainisteoir chun a ngnó a fhás.

Fachtóir ríthábhachtach ratha d'aon ghnó atá i mbun fáis ná rochtain ar fhoinsí airgeadais leordhóthanacha agus cuí; tá muid geallta chun déanamh cinnte go mbíonn maoiniú ar fáil ag gach céim d'fhorbairt ár gcuid cliant. Lean muid ar aghaidh ag infheistiú chun ardáin mhaoinithe a chruthú le tacú le huaillmhianta fáis ár gcliant lena n-áirítear an Scéim Chaipiteal Sil agus Fiontair, an Scéim Caipitil Fhorbraíochta agus Scéim Chiste Nuálaíochta Éireann. Bhí cistí tacaithe ag Fiontraíocht Éireann an-ghníomhach i 2017 agus d'infheistigh siad €148 milliún san iomlán i gcuideachtaí in Éirinn ag na céimeanna éagsúla d'fhás thar roinnt earnálacha, na hearnálacha teicneolaíochta, bia, cúram sláinte agus innealtóireacht san áireamh. Tá muid ag obair go gníomhach le príomhpháirtithe leasmhara chun cruthú scéimeanna sa todhchaí a mhúnlú agus a fhorbairt chun tírdhreach maoinithe atá éifeachtach agus solúbtha a chinntiú dár gcuid cliant ó mhaoiniú síl um bunú go maoiniú scálaithe.

Chun déanamh cinnte go bhfuil an t-éiceachóras bunúsach forbartha chun freastal ar **riachtanais ghnó, lean muid ar aghaidh ag obair i ndlúthpháirt le páirtithe leasmhara ar fud an rialtais agus earnáil na seirbhísí airgeadais,** chun labhairt faoi fhadhbanna lárnacha a thagann salach ar fhás mar chánachas, roghanna maoinithe do FBManna, foinsí agus roghanna chun rochtain a fháil ar mhaoiniú le haghaidh fáis, rochtain ar bhonneagair chuí agus fostaithe cumasacha agus oilte a aimsiú.

Lean muid ar aghaidh ag tacú lenár gcliaint leis na dúshláin a ghabhann le cinneadh na Breataine imeacht ón Aontas Eorpach. Sheol muid feachtas feasachta nua **(#PrepareforBrexit)** agus bhunaigh siad taisce eolais nua ar líne, uirlis fhéinmheasúnaithe san áireamh **(Cárta Scór Breatimeachta do FBManna)** ar bhain níos mó ná 2,000 cuideachta leas astu chun méid a nochta don Bhreatimeacht a mheas. Thug ár n-Aonad Breatimeachta **tiomnaithe sraith de Chlinicí Comhairleacha faoin mBreatimeacht,** inar leagadh amach na gníomhartha nach mór a ghlacadh láithreach chun nochtadh don Bhreatimeacht a íoslaghdú. D'oibrigh ár gcuid Comhairleoirí Forbartha Gnó leis na cliaint is mó atá nochta do mhargadh an RA, chun a gcuid **Pleananna Forbartha Breatimeachta a fhorbairt,** agus iad a atreorú i dtreo margaí nua lasmuigh den RA.

## CUSTAIMÉIRÍ A MHÉADÚ

D'fheidhmigh margadh an RA, arb é an margadh is mó atá againn agus a bheidh amhlaidh fós, go maith i 2017, agus fás de 4% bainte amach, d'ainneoin na ndúshlán de luaineacht agus d'éiginnteacht. D'oibrigh muid i ndlúthpháirt le cliaint a bhraitheann ar an RA chun cabhrú lena n-úsáid nuálaíochta ionas go mbeidh siad in ann trádáil le linn na luaineachta agus a sciar den mhargadh sa RA atá saothraithe go maith acu, a chosaint.

Ag an am céanna, rinne muid dul chun cinn lenár n-uaillmhian straitéiseach chun tionchar onnmhairí na hÉireann a leathnú i margaí éagsúlaithe, chun an nochtadh foriomlán do mhargadh an RA a laghdú faoi aon-trian faoi 2020. I rith 2017 bhain muid amach laghdú breise d'aon faoin gcéad ar nochtadh do mhargadh an RA, agus é laghdaithe go 34%, laghdú de níos mó ná deich faoin gcéad i gcaitheamh deich mbliana.

Chuir muid béim úr ar réigiún an limistéar euro le forbairt agus foilsiú **Straitéis an Limistéar Euro** agus d'atheagair muid ár n-acmhainní

idirnáisiúnta agus pleananna fógartha chun Oifig Réigiúnach **Limistéar Euro a bhunú.**

Is é margadh an limistéar euro an dara margadh is mó atá againn, tar éis an RA. Tháinig méadú mór ar onnmhairí cliant chuig an limistéar euro i 2017, agus iad méadaithe faoi 9%.

Lean muid ar aghaidh ag nascadh cliant le príomhcheannaitheoirí trí mhisin trádála agus cuairteanna ag ceannaitheoirí istigh, chun an sceideal ba chuimsithí riamh de thrádáil agus d'imeachtaí idirnáisiúnta a chur ar fáil don Ghníomhaireacht.

Chun cur leis an iarracht sin, d'fhorbair muid feachtas fógraíochta saincheaptha **(#IrishAdvantage campaign)** ag díriú ar cheannaitheoirí domhanda chun iad a spreagadh a mbuntáiste a aimsiú in Éirinn. Dhírigh muid ar dtús ar na hearnálacha tógála agus medtech, sular méadaíodh an feachtas chun earnálacha agus margaí iolracha a chuimsiú, agus é aistrithe go teangacha iomaí.

Fianaise é rath ghnó na hÉireann i 2017 ar obair chrua agus díograise na gceannairí agus na mbunaitheoirí gnó a thosaigh agus a mhéadaigh a gcuid gnóthas i margaí domhanda. Léiriú é freisin ar na foirne as Fiontraíocht Éireann sa bhaile agus thar lear a d'oibrigh go díreach leis na gnóthais sin chun cabhrú leo rath idirnáisiúnta a bhaint amach, agus iad á gceangal le ceannaitheoirí domhanda i bpríomh-mhargaí fáis ar fud an domhain.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an bhfoireann i bhFiontraíocht Éireann as a dtiomantas agus a n-obair chrua trínar baineadh amach na torthaí sin. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil freisin leis na baill den Bhord as a gcuid ama agus a n-ionchuir géarchúiseacha le linn ár gcruinnithe. Gabhann muid buíochas leis an Aire Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta, Heather Humphreys T.D., dá comhghleacaithe Aire, Pat Breen T.D. agus John Halligan T.D. agus le gach comhghleacaí eile sa Roinn Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta.

Cé gur bliain dhúshlánach ab ea 2017 mar gheall ar na leibhéil arda d'éiginnteacht agus de luaineacht, inár margadh is mó ach go háirithe, d'fheidhmigh ár gcliaint go han-mhaith. Tá na táscairí eacnamaíocha dearfach agus fás leantach á thabhairt le tuiscint acu, agus tá muid ag obair leis an gcóhórt is láidre riamh de chuideachtaí, agus iad ag dul san iomaíocht agus ag gnóthú i margaí onnmhairí níos éagsúlaithe ná mar a bhí riamh.

Ag smaoineamh faoin todhchaí, is dóchúil go leanfaidh na dúshláin sin ar feadh tamaill. Leanfaidh muid ar aghaidh ag obair le comhghleacaithe ar fud an rialtais chun cabhrú lenár gcliaint a n-acmhainn iomlán a chomhlíonadh i margaí idirnáisiúnta, agus fostaíocht á cruthú agus á coimeád i gcuideachtaí atá tacaithe ag Fiontraíocht Éireann mar uirlis chumhachtach um fás agus rath eacnamaíoch in Éirinn.



**Terence O'Rourke**
*Cathaoirleach*
*Fiontraíocht Éireann*



**Julie Sinnamon**
*Príomhoifigeach*
*Feidhmiúcháin*
*Fiontraíocht Éireann*

# Méadaigh Gnó

**Cuideachtaí Cliaint Fhiontraíocht Éireann**

**209,338**

**fostaithe ag deireadh 2017**

**€26.79bn**

Caiteachas i ngeilleagar na hÉireann

**146**

ghabh cuideachtaí cliaint do thionscadail substaintiúla i T&F inar caitheadh os cionn €1m in aghaidh na bliana

**10,309**

glanmhéid post cruthaithe agus caillteanais phoist tógtha san áireamh

Ag Tacú

**375,000+**

poist (Fostaíocht dhíreach agus indíreach)

**982**

ghabh cuideachtaí cliaint do thionscadail mhóra i T&F inar caitheadh os cionn €100k in aghaidh na bliana

**65%**

fostaíocht cliaint lasmuigh de Bhaile Átha Cliath

D'fhaomh Fiontraíocht Éireann **€27m** chun gníomhaíocht **T&F a athrú ó bhonn** i gcuideachtaí, **€41m** i **dtionscadail chomhoibritheacha** chun tairbhe an tionscail agus **€18.9m** chun **tacú le tráchtálú an taighde arna mhaoiniú ag an bpobal**.

**€1.8bn**

méid iomlán cistí arna mbunú faoi na scéimeanna caipitil síl agus fiontair

**€28m**

Ár n-infheistíocht i gcumas ceannaireachta a neartú i bhfiontar na hÉireann

**€89.1m**

Infheistíochtaí Caipitil Cothromais agus Fiontair i 2017

**1,598**

Ghlac POFanna agus bainisteoirí páirt i gcláir Fhiontraíocht Éireann um forbairt ceannaireachta agus bainistíochta

**€491m**

iomlán faoi bhainistíocht i gcistiú arna mbunú faoin scéim caipitil fhorbartha

**622**

Ghlac bainisteoirí páirt i gcláir mhóra agus ghlac **976** páirt i gcláir ghairide um plé le bainistíocht



# Méadaigh Custaiméirí

**Cuideachtaí Cliaint Fhiontraíocht Éireann**

**€44.4bn**

i ndíolacháin ag cuideachtaí cliaint agus as sin:

**€22.7bn**

onnmhairí a bhí i (51%)

**7%**

onnmhairí méadaithe faoi 7% ó leibhéil 2016

onnmhairí i ngach rannán earnála

**FÁS**



# Fiontraíocht a chothú agus a fhorbairt

**Thacaigh Fiontraíocht Éireann le huaillmhian 181 cuideachta nua i 2017:**

- **90 Gnó Nua Ard-acmhainne** (HPSUnna), a raibh pleananna acu chun méid measta de **1,315** post nua a chruthú faoi 2019.
- **91 gnóthas nua ag céim luath** a d'fhaomhadh le haghaidh infheistíochtaí suas go €50,000 trí shraith de ghlaonna faoin **gCiste um Thús Iomaíoch**.
- **Tugadh tacaíocht do 67 ngnó nua faoi cheannas ban** agus 42 fhaomhadh faoin gCiste um Thús Iomaíoch agus 25 fhaomhadh HPSU.
- **Tugadh tacaíocht do 19 ngnó nua faoi cheannas ban** agus 8 bhfaomhadh faoin gCiste um Thús Iomaíoch agus 11 fhaomhadh HPSU.

**90** Gnóthais Nua Ardacmhainne faofa d'infheistíocht

**48%** ó lasmuigh de Bhaile Átha Cliath

**11** faoi stiúir fiontraithe ón gcoigríoch

**25** HPSUanna tacaithe ag fiontraithe ban

**15** Gnóthais Nua Ardacmhainne ó Eagraíochtaí a Dhéanann Taighde

# Maoiniú agus Infheistíocht

## Déanamh cinnte go bhfuil dóthain rochtana ag cliaint ar mhaoiniú chun scálú a dhéanamh

- D'fhaomh muid maoiniú cothromais dhírigh agus deontais um méadú, nuáil, oiliúint, fostaíocht forbairt acmhainne a thacaigh muid le 6,922 gealltanas nua poist i 2017. Ba é luach na n-infheistíochtaí cliaint i ndáil le maoiniú Fhiontraíocht Éireann ná €570.5m.
- Rinne cistí arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann faoin Scéim Caipitil Forbartha agus Fáis os cionn €70m a infheistiú i gcuideachtaí meánmhéide seanbhunaithe in Éirinn.

## Trínár bhfoireann Seirbhísí Infheistíochta

Seoladh aon chiste amháin nuabhunaithe faoin Scéim Caipitil Síl agus Fiontair (2013-2018) i 2017 agus leis sin cuireadh cistí breise de níos mó ná €15m ar fáil le hinfheistiú i gcuideachtaí Éireannacha.

- Ciste Fiontar Ghleann na Siúire: ciste €15m á infheistiú i gcuideachtaí teicneolaíochta in Éirinn go príomha.
- Mar thoradh ar HBAN – Líonra Halo d'Aingil Ghnó infheistíodh €12.3m thar 43 mhargadh i gcuideachtaí nua agus céime luaithe in Éirinn (€12.8m, 45 mhargadh ar fud an oileáin) agus ina measc Over-C, Kite Medical agus Hooke Bio.
- Tugadh chun críche glao um Léirithe Spéise faoin gCaipiteal Síl agus Fiontar (2013-2018) i 2017 agus thug Fiontraíocht Éireann gealltanais do roinnt bainisteoirí ciste chun cistí fiontar nua a bhunú.

# Tacaíocht d'earnáil an chaipitil fhiontair in Éirinn

***Chun cinntiú go mbíonn rochtain ag cliaint ar chaipiteal riosca, trí Fhiontraíocht Éireann, rinne Rialtais i ndiaidh a chéile infheistíocht in earnáil an chaipitil fhiontair in Éirinn le 20 bliain anuas.***

- Faoi na Scéimeanna Caipitil Síl & Fiontar éagsúla go dtí seo, tá tacaíocht tugtha againn do 53 chiste, agus an toradh a bhí air sin ná níos mó ná €1.8bn de chistí faoi bhainistíocht.
- I 2017, d'infheistigh Fiontraíocht Éireann €52.2m i gcistí cothromais phríobháidigh agus bunaíodh aon chiste amháin de níos mó ná €15m faoin Scéim Caipitil Síl agus Fiontar (2013-2018).
- Maidir le trí chiste arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann faoin Scéim Ciste Caipitil Fhorbartha tá cistí iomlána caipitil fháis de €491m faoi bhainistíocht. I 2017, d'infheistigh siad níos mó ná €70m i gcuideachtaí Éireannacha.
- Fuair Fiontraíocht Éireann fáltais/dáiltí de €54m i 2017.
- Tá sé chiste idirnáisiúnta bunaithe in Éirinn go dtí seo mar thoradh ar Chistí Nuálaíochta Éireann.

## Infheistíochtaí Cothromais Dhírigh arna sealbhú le haghaidh Fiontraíocht Éireann

Déanann Fiontraíocht Éireann infheistíocht i ngnóthais chun críocha fiontraíocht a fhorbairt agus poist a chruthú, agus is minic go ndéantar infheistíocht ag céim an-luath nuair is airde an phróifíl riosca. Bliain láidir eile ab ea 2017 d'ioncam infheistíochta arna nginiúint ag Rannóg Cothromais Fhiontraíocht Éireann ón bpunann infheistíochtaí i díreach os cionn 1,500 cuideachta cliaint. Ghin infheistíochtaí Cothromais Fhiontraíocht Éireann ioncam de €26.8m. Nuair a dhéanann muid infheistíocht dhíreach i gcuideachtaí nua agus cuideachtaí forbartha, is é ár straitéis ná bun cothromais a thógáil mar mhalairt ar mhaoiniú.

- I 2017, rinne muid 388 infheistíocht i 319 cuideachta ar luach €36.9m san iomlán. Meaitseáladh na hinfheistíochtaí sin ag infheisteoirí intíre agus idirnáisiúnta.
- Anois tá infheistíochtaí cothromais i 1,526 cuideachta cliaint ag an bPunann Cothromais Dhírigh de chuid Fhiontraíocht Éireann
- I 2017, ghin an phunann ioncam de €26.8m ó dhíolacháin scaire, fuascailtí scaire agus díbhinní.
- I measc cuideachtaí a d'imigh ó Chothromas Díreach Fhiontraíocht Éireann bhí Arralis Ltd., Appirio Ltd., Neuravi Ltd. agus Voxpro Ltd.

## Forbairt agus fiontraíocht réigiúnach a stiúradh

- Lean muid ar aghaidh ag stiúradh *straitéis Fhiontraíocht, Éirinn 2017-2020*, Méadú Gnó, Méadú Custaiméirí thar gach réigiún; cuireadh comhar i ngníomh agus tarraingíodh ar bhuanna réigiúnacha chun líon na ngnóthas nua agus a saolré a mhéadú, feidhmíochta scálaithe a fheabhsú agus infheistíocht dhíreach ón gcoigríoch a tharraingt.
- Sheol Fiontraíocht Éireann an Ciste um Fhorbairt Réigiúnach Fiontraíochta, chun cistiú iomaíoch de suas go €60m a sholáthar agus é curtha ar fáil ag an Roinn Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta i mBealtaine 2017. Gníomh lárnach atá sa REDF chun tacú leis an bPlean Gníomhaíochta Réigiúnach um Poist agus an Plean Gníomhaíochta um Forbairt Tuaithe. Tá an Ciste dírithe ar théarnamh eacnamaíoch a bhrostú i ngach cearn den tír agus acmhainn an fhiontair áitiúil agus réigiúnaigh a chomhlíonadh. D'éirigh le 21 iarrthóir rathúil agus iad ag déanamh ionadaíochta ar gach réigiún den tír suas go €30.5m a fháil dá gcuid tionscadal sa chéad ghlao iomaíoch. D'fhaomhadh níos mó ná €14m do gach tionscadal sa tuaisceart, níos mó ná €11m do thionscadail san oirthear agus sa lár tíre agus d'fhaomhadh os cionn €5m do réigiún an tuaiscirt agus an iarthair.
- Lean muid ar aghaidh ag tacú le 371 gnó nua, agus 1,792 fostaithe acu; bhí siad lonnaithe sa 23 Ghorlann Ghnó Campais arna maoiniú ag Fiontraíocht Éireann in Institiúidí Teicneolaíochta agus in Ollscoileanna na hÉireann. Chun gnóthais nua a aithint agus a chothú san earnáil mhara, d'fhaomhadh maoiniú chun Bainisteoir Gorlainne Mara Campais a cheapadh i UCC thar thréimhse trí-bliana.
- Leanann Foinsiú Domhanda, an tionscnamh comhghníomhaireachta idir Fiontraíocht Éireann agus ÚFT, ar aghaidh ag tacú leis an gclár forbartha réigiúnaí agus plé níos mó á chothú idir cliaint IDA agus cliaint Fhiontraíocht Éireann. I Misean Trádála & Infheistíochta 2017 i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh ach go háirithe, bhí líonrú sceidealaithe ar siúl idir 115 cliant de chuid an IDA agus 167 cliant de chuid Fhiontraíocht Éireann.

## Líonra na n-Oifigí Fiontar Áitiúla

- Thacaigh muid le hobair líonra na n-Oifigí Fiontar Áitiúla (OFÁ) mar an 'gcéad stad' in údaráis áitiúla um thacaí fiontar agus eolas, chun cabhrú leo figiúir lárnacha feidhmíochta a bhaint amach i 2017.
- I measc na mbuaicphointí OFÁ ó 2017 bhí:
  - 7,135 post nua (ollmhéid) agus 3,760 post (glanmhéid) cruthaithe ag cuideachtaí cliaint arna dtacú ag an OFÁ, agus fás ar phoist ar fud gach contae.
  - Ghlac 30,373 duine i 1,891 clár oiliúna gnó a rith OFÁnna
  - Ghlac 3,755 duine páirt i 280 clár Do Ghnó Féin a chur ar Bun
  - Rinneadh 8,393 sannachán meantóireachta trí OFÁnna.
  - D'fhaomhadh 63 thionscadal do €1,575,000 tríd an gCiste Infheistíochta Nuálaíochta de chuid OFÁnna (LIIF).
  - Tugadh tacaíocht do 179 cuideachta ag LEAN for Micro.
  - Chuaigh 80 cuideachta ar aghaidh ó na OFÁnna isteach i bpunann Fhiontraíocht Éireann.
- D'oibrigh muid le líonra OFÁ chun comhordú a dhéanamh ar thacaí bainteach leis an mBreatimeacht agus le cláir náisiúnta suaitheanta mar an Acadamh Bia, Seachtain na Fiontraíochta Áitiúil agus an Fiontraí Óg is Fearr in Éirinn (IBYE). I 2017, fuarthas 1,471 iarratas ar IBYE agus ghnóthaigh 185 fiontraí óg, idir 18 agus 35 bliana d'aois, maoiniú infheistíochta trína n-Oifig Fiontar Áitiúil.
- Lean muid ar aghaidh ag cur i bhfeidhm oiliúint ghnó ar inniúlachtaí lárnacha do na baill foirne sna 31 Oifig Fiontar Áitiúil in údaráis áitiúla chun comhsheasmhacht seirbhísí a stiúradh dá gcuid cliant ar fud na tíre.



## Agus muid ag tacú le nuálaíocht arna treorú ag an margadh,

- **D'fhaomh muid 99 n-infheistíocht Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta** de níos mó ná €100k do chuideachtaí cliaint
- **Ghabh 982 cuideachta cliaint do thionscadail T&F** le caiteachas bliantúil de níos mó ná €100k
- **Ghabh sraith uachtair de 146 cliant do thionscadail T&F** le caiteachas bliantúil de níos mó ná €1m in aghaidh na bliana
- **Seoladh an Ciste Nuálaíochta Solúbtha, ciste chun** cabhrú le cuideachtaí freagairt do dheiseanna agus dhúshláin mhargaidh, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an mBreatimeacht. Is féidir le cuideachtaí iarratas a dhéanamh ar suas go €150,000 trí phróiseas iarratais sruthlínithe ar líne.

# Buaicmhéid de 1,078

tionscadal comhoibritheach idir cuideachtaí agus ardoideachas, a raibh ina measc

## 557

Rinneadh Dearbháin Nuálaíochta a fhuascailt chun fadhbanna gnóthais bhig a réiteach

## 85

Tugadh faomhadh do Chomhpháirtíochtaí Nuálaíochta agus 36 díobh sin idir cliaint Fhiontraíocht Éireann agus Institiúidí Ardoideachais i mbliain bhuaice do chuideachtaí a bhí ag glacadh páirte i gclár na gComhpháirtíochtaí Nuálaíochta

## 436

Tugadh faomhadh do 436 tionscadal le Geatabhealaí Teicneolaíochta sna hInstitiúidí Teicneolaíochta. Bliain bhuaice ab ea 2017 do chuideachtaí a bhí ag plé le Geatabhealaí Teicneolaíochta agus 462 cuideachta dhifriúil ag obair ar 700 tionscadal

## Seoladh braisle nua Geatabhealaigh Teicneolaíochta

Is é atá sa Bhraisle EMD (Engineering, Materials & Design/ Innealtóireacht, Ábhair & Dearadh) ná cuibhreannas de sé cinn de Gheatabhealaí Teicneolaíochta Fhiontraíocht Éireann agus iad ag oibriú san earnáil innealtóireachta, ábhar agus deartha. Soláthraíonn an braisle raon leathan saineolais do chuideachtaí ar mian leo rochtain a fháil ar thaighde agus fhorbairt sna réimsí sin. Is féidir leis an mbraisle nascadh le níos mó ná

**300**

taighdeoirí tionscail i réimsí mar innealtóireacht bheacht, bith-theicneolaíocht, polaiméirí, cumhdaigh chosanta, dearadh fréamhshamhlacha, teicneolaíocht um íomhánna leighis agus déantúsaíocht 3D breiseán miotail.

## Taighde faoi threoir tionscail a stiúradh

Tríd an gcomhchlár idir Ionaid Teicneolaíochta Fhiontraíocht Éireann / ÚFT,

**rinneadh**

€23m a infheistiú in dá hionad teicneolaíochta nua Irish Manufacturing Research (IMR) and MEAT Technology Ltd.

Ó thaobh rannpháirtíocht tionscal i gclár na n-Ionad Teicneolaíochta bhí


**725**

cuideachta rannpháirteach faoi dheireadh 2017 Astu siúd, bhí ballraíocht iomlán ag 525, agus bhain gach cuideachta leas as an líonra sin d’ionaid taighde faoi threoir tionscail.

## Tá Fiontraíocht Éireann i gceannas ar rannpháirtíocht rathúil na hÉireann i Horizon 2020, clár an AE um thaighde, forbairt agus nuálaíocht

- Ghnóthaigh cuideachtaí agus acadóirí Éireannacha maoiniú €135m ó Horizon i 2017 agus as sin, chuaigh €60m go cuideachtaí Éireannacha.
- Ghnóthaigh Éire maoiniú iomaíoch de €475món gclár Horizon 2020 go dtí seo. Déanann Fiontraíocht Éireann comhordú ar an Líonra Tacaíochta Náisiúnta do Horizon 2020.
- I 2017, d'fheidhmigh Éire go maith san Ionstraim shonrach FBM de Horizon 2020 – ag 11%, bhí ceann de na rátaí ratha ab airde ag Éirinn d'Ionstraim FBM Horizon 2020 san Eoraip, i gcomparáid le meánráta de 6% i 2017.
- Fuair 21 FBM (13 i dtionscadail Chéim 1 agus 8 i dtionscadail Chéim 2) €16.1m as buiséad iomlán de €297m i 2017 faoin Ionstraim FBM de Horizon 2020.

**Príomhréimsí earnála um rath faoi Ionstraim FBM Céim 2**




Déanann Fiontraíocht Éireann comhordú ar rannpháirtíocht na hÉireann i gcláir Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa; I 2017, fuair cuideachtaí Éireannacha conarthaí ar luach iomlán €12.4m.

## Chun an leas is mó a bhaint as tráchtálú an taighde arna mhaoiniú ag an bpobal, seo a leanas a rinne muid

- Tugadh tacaíocht do theacht chun cinn 22 mhac-chuideachta nua ó Eagraíochtaí a Dhéanann Taighde.
- Tugadh tacaíocht d'aistriú 75 theicneolaíochta a bhfuil luach gnó ag baint leo
  do chuideachtaí in Éirinn.
- Tugadh faomhadh do 59 thionscadal faoin gCiste Tráchtálaithe.

## Cumas bainistíochta nuálaíochta a mhéadú

Rinneadh measúnú neamhspleách ar an gclár Innovation 4 Growth (I4G) i 2017 agus tugadh le fios go raibh tionchar mór ó thaobh gnó bainte amach ag an gclár do chuideachtaí a ghlac páirt ann. Tar éis é a mheasúnú, rinneadh athdhearadh ar roinnt gnéithe den chlár, agus seolfar tríú leagan de i Meán Fómhair 2018.

Méadaíodh tionchar ár Scrúdú Sláinte Nuálaíochta (IHC) go 22 22 thír Eorpach. Is é atá sa Scrúdú Sláinte Nuálaíochta ná meicníocht chun léargas a thabhairt ar stádas 'sláinte nuálaíochta' na gcuideachtaí cliaint. Leanann bunachar sonraí na hEorpa ar aghaidh ag dul i méid, rud a ligeann comparáid a dhéanamh idir cuideachtaí Éireannacha agus a macasamhlacha san Eoraip. Tá an IHC ag cur le clú méadaithe Fhiontraíocht Éireann mar cheannaire Córas Nuálaíochta ar leibhéal Eorpach.

Tá dhá thionscnamh sonrach ann um chuideachtaí cliaint HPSU;

- Tá clár SPRINT HPSU d'Fhiontraíocht Éireann, arna soláthar i gcomhpháirt le hIonad Nuálaíocht Ghnó Bhaile Átha Cliath (DBIC), deartha go sonrach do chuideachtaí nua atá ag iarraidh maoiniú síl a ardú. Is í an aidhm ná cabhrú le bunaitheoirí na scileanna a fhorbairt a theastaíonn chun gnó rathúil a thógáil, cabhrú leo bheith réidh don táirge/don mhargadh agus don infheisteoir in amfhrámaí níos gairide.

- Cabhraíonn Fóram Bunaitheoirí HPSU le HPSUnna iar-infheistíochta €1m+ in amfhrámaí níos gairide. Tá níos mó ná 150 cuideachta rannpháirteach faoi láthair.
- trí uaillmhian a chothú agus cumas ceannaireachta agus bainistíochta a fhorbairt, thug ár gcláir shuaitheanta doimhne na huirlisí, na teicnící agus an uaillmhian do 622 bainisteoir chun a ngnó a fhás.
- Chabhraigh an clár Leadership 4 Growth, arna rith i gcomhpháirt le Scoil Ghnó IESE, le 29 gcuideachta rannpháirteach díriú ar phlean fáis a fhorbairt chun scála a bhrú ina ngnó. As na 29 gcuideachta, cliant de chuid ÚFT a bhí i 1 agus cliaint de chuid Invest Northern Ireland ab ea 4 cinn.
- Lig cláir ghairide do 976 bainisteoir tionchar a imirt go tapa ar a gcuid cuideachtaí agus tabhairt faoi fhorbairt bhainistíochta i ndáil le téamaí lárnacha mar fostaithe oilte a tharraingt agus a choimeád, nuálaíocht agus T&F, feabhas in oibríochtaí chomh maith leis an gclár Finance 4 Growth.
- Sannadh meantóirí - gairmithe gnó oilte - chun oibriú le ceannairí sinsearacha i 443 cuideachta cliaint chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin lárnacha ina ngnó.
- Tugadh isteach an clár Go Global 4 Growth, arna sholáthar i gcomhpháirt le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) i mBealtaine 2017. 60 bainisteoir sinsearach ó chuideachtaí cliaint. Chabhraigh an clár Go Global 4 Growth, atá dírithe ar bharrfhoirne uaillmhianacha ó FBManna, le 60 cuideachta cliaint plean gníomhaíochta um fás a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun ullmhú d'fhás domhanda faoi dheireadh 2019.
- Leanann an clár um Dhíol Idirnáisiúnta ar aghaidh ag forbairt an chumas idirnáisiúnta díolacháin & margaíochta sna cuideachtaí rannpháirteacha. Cuireadh béim sa chlár ar éagsúlú margaidh i bhfianaise na ndúshlán a bhí ag baint leis an mBreatimeacht.



## Chun iomaíochas a bhrú, seo a leanas a rinne muid:

- D'fhaomh muid maoiniú do 170 cuideachta chun táirgiúlacht, brabúsacht agus dea-chleachtas comhshaoil a fheabhsú lenár gcuid tacaí gnó um Barainneacht agus Iomaíochas.
- D'infheistigh muid go díreach i bhfás 232 cliant le pleananna infheistíochta de níos mó ná €500,000.
- D'fhorbair muid Tairiscint Feabhais Oibriúcháin le ciste de €20m chun tacú le gníomhaíochtaí a chumasaíonn athrú ó bhonn ar chuideachta trí nuáil próiseas. Is í aidhm na tairisceana ná pacáistí tacaíochta iomlánaíche a leathnú do chliaint Fhiontraíocht Éireann a bhrúnn, i dteannta le tionscnaimh Fhiontraíocht Éireann um Fionnachtain Margaidh agus Nuálaíocht, an clár oibre iomaíochais.
- Gheofar rochtain ar mhaoiniú trí phróiseas singil iarratais agus measúnaithe, agus beidh sé struchtúraithe ar na catagóirí caiteachais seo a leanas;
  - Trealamh caipitiúil
  - Cur i bhfeidhm samhlacha gnó agus nuáil próiseas lena n-áirítear; tuarastail, forchostais, ábhair, comhairleacht/conraitheoireacht, tástáil dheimhnithe
  - Oiliúint





# Ag tacú le hidirnáisiúnú cuideachtaí Éireannacha

- **Díolacháin bhuaice onnmhairí de €22.7bn**
- **1,391* conradh nua bainte amach thar lear** le cúnamh ó Fhiontraíocht Éireann
- **Bhunaigh 350 cuideachta láithreacht nua thar lear**
- **€4.6bn d'onnmhairí chuig limistéar an Euro** (an 2ú margadh is mó d'onnmhaireoirí na hÉireann)
- **57 misean trádála thar lear faoi cheannas Airí** chomh maith le himeachtaí eolais
- **157 deontas Éagsúlaithe Margaidh faofa**
- **10 Luasaire Gnó ceaptha** chun cabhrú le cuideachtaí dul isteach sa mhargadh go tapa
- **Cur in aithne cliant-ceannaitheoirí 8,406 uair**
- **Tógadh 989 ceannaitheoir idirnáisiúnta go hÉirinn**, trí imeachtaí mar thaispeántas ceardaíochta agus earraí tomhaltóra Showcase Ireland
- **Cuireadh 384 ar an eolas faoi dheiseanna soláthair le** cuideachtaí ilnáisiúnta trínár dTionscnamh Foinsithe Dhomhanda

* 1,391 i gcomhréir leis an Ráiteas Dheireadh Bliana arna ullmhú ar an 15 Nollaig 2017. Ba é figiúr Tuairiscithe an Bhoird go dtí an 31 Nollaig 2017 ná 1,399.

**Chomh maith le tacú le gnó faoi úinéireacht Éireannach,** tá sainchúram speisialta ag Fiontraíocht Éireann mar atá IDC sa tionscal bia a tharraingt isteach go hÉirinn agus Éire a chur chun cinn thar lear mar an áit is fearr um staidéar a dhéanamh don ardoideachas.


## IDC bia a tharraingt isteach go hÉirinn

- Leanann Fiontraíocht Éireann ar aghaidh ag tarraingt infheistíochtaí díreacha ón gcoigríoch san earnáil bhia go hÉirinn trína chuid gníomhaíochtaí margaíochta i Meiriceá Thuaidh, sa RA, san Eoraip, sa Mheán-oirthear, sa tSín agus sa tSeapáin.
- Chuir an Fhoireann IDC fáilte roimh níos mó ná 26 fhardal Infheisteora, ghlac siad páirt i 15 sheó agus comhdháil ar Thrádáil Idirnáisiúnta, agus cuireadh chruinniú ar Ionchas Gairme le 5 Mhisean Trádála de chuid an Rialtais.
- Buaicphointí ab ea cuairt ar an tír ag 20 POF ó Food Drink Europe - Eagraíocht Stocaireachta Tionscail na hEorpa, dhá sheimineár ar T&F agus Infheistíocht na hÉireann a rith sa tSín, agus cuairteanna faoi cheannas an Taoisigh ar dheiseanna IDC i SAM.
- Tháinig méadú ar fhiosrúcháin IDC faoi anáil na Breatimeachta trí líonrú IDC, giniúint ábhar cliaint agus imeachtaí comhdhála ar fud na RA.

## Oideachas in Éirinn

Tá iarrachtaí láidre déanta ag Fiontraíocht Éireann, faoi bhranda Oideachas in Éirinn, le bliain anuas chun Éire a chur chun cinn mar áit den scoth um ardoideachas idirnáisiúnta, go háirithe i gcomhthéacs na héiginnteachta a bhaineann leis an mBreatimeacht agus le hathruithe polaitiúla i SAM. Tá líon na mac léinn idirnáisiúnta atá ag roghnú Éireann mar áit le staidéar a dhéanamh thar lear, mar rogha fochéime nó iarchéime, ag dul i méid gach bliain agus méadú 25% ar líon na mac léinn ag teacht ó phríomh-mhargaí mar SAM (áit a bhfuil Éire mar an 7ú áit is mó éilimh do mhic léinn SAM), an India agus an tSín. Tá dul chun cinn déanta maidir le margaí a fhorbairt agus níos mó béime curtha agus acmhainní dírithe ar Oirdheisceart na hÁise, an Meánoirthear, an Afraic, an Bhrasaíl agus Ceanada.

# Onnmhairí cliant 2017 de réir críche



# Onnmhairí cliaint de réir earnála

**Bia**
**€11.58bn** +10%

**Na hEolaíochtaí Beatha, Innealtóireacht, Páipéar, Priontáil & Pacáistiú, Leictreonaic & Teicneolaíocht Ghlan**
**€4.05bn** +7%

**Tógáil, Adhmad & Miondíol Tomhaltóra**
**€2.7bn** +1%


**Bogearraí Trádáilte go hIdirnáisiúnta**
**€2.12bn** +3%

**Seirbhísí Trádáilte go hIdirnáisiúnta**
**€2.26bn** +8%

**Bonn Cliant Iomlán**
**€22.71bn** +7%



# Leithdháileadh cistí ag Fiontraíocht Éireann i 2017




**€45m** Cistí arna Riar thar ceann Tríú Páirtithe

**€76m** Líonra Seirbhísí Cliant agus Corparáideacha


**€247m** Maoiniú um Forbairt na Fiontraíochta

**€1m** Íocaíochtaí amach do Ghníomhaireachtaí Stáit eile





### Maoiniú um Forbairt na Fiontraíochta

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Forbairt Cumais | €28m |
| 2 | Forbairt Acmhainne | €31m |
| 3 | Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair | €89m |
| 4 | Teicneolaíocht agus Bonneagar Eolaíochta | €99m |
| | **Iomlán** | **€247m** |




### Líonra Seirbhísí Cliant agus Corparáideacha

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Líonra Seirbhísí Cliant | €24m |
| 2 | Líonra Oifigí Thar Lear | €23m |
| 3 | Líonra Oifigí Réigiúnacha | €7m |
| 4 | Tacaíocht Eolaíochta & Nuálaíochta | €10m |
| 5 | Tacaíocht do Sheirbhísí Corparáideacha | €12m |
| | **Iomlán** | **€76m** |





### Cistí arna Riar thar ceann Ghníomhaireachtaí Tríú Páirtí

| | | |
|---|---|---|
| 1 | An Ciste Infheistíochta do Mhairteoil agus Caoireoil | €2.5m |
| 2 | Ionaid Nuálaíocht Ghnó | €2.2m |
| 3 | Comhairle Deartha agus Ceardaíochta na hÉireann | €2.9m |
| 4 | Oifigí Fiontar Áitiúla | €37.7m |
| | **Iomlán** | **€45.3m** |

## Miondealú ar mhaoiniú do chuideachtaí cliaint de réir réigiúin

67% de mhaoiniú do réigiúin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath





*Nótaí: Ina theannta sin, fuair cliaint in ionaid thar lear maoiniú de €1m.*

*Áirítear leis: Deontais um maoiniú chumas tionscail, Maoiniú um Thaighde, Chumas agus Nuálaíocht agus Tacaíocht don Chiste Mairteola agus Caoireola.*

*Fágtar amach: Íocaíochtaí Ghorlanna Gnó Campais, íocaíochtaí an Chiste Síl agus Fiontar, an Ciste um Forbairt Réigiúnach Fiontar, an Tionscnamh Fiontraíochta Pobail agus Ionaid Fiontair Phoiblí.*

## Costas in aghaidh an Phoist

Déantar an costas in aghaidh an phoist a ríomh tríd an gcaiteachas gníomhaireachta go léir ar gach comhlachas sa tréimhse a thógáil san áireamh. Ní dhéantar ach poist arna gcruthú agus arna gcoimeád ag deireadh gach tréimhse seacht-mbliana a chur san áireamh sna ríomhaireachtaí.




*Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta: Ríomhaireachtaí Costais in aghaidh an Phoist*


## Fás ar fhostaíocht in aghaidh an réigiúin

**209,338**
fostaithe ag cuideachtaí tacaithe ag Fiontraíocht Éireann

**19,332**
iomlán na bpost nua

**10,309**
glanmhéid post cruthaithe

**65%**
fostaíocht cliaint lasmuigh de Bhaile Átha Cliath




*Foinse: An Suirbhé Fostaíochta Bliantúil tugtha ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.*

# Rialachas Corparáideach

Is comhlacht corparáideach é Fiontraíocht Éireann arna bunú ag an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998. Mar chomhlacht reachtúil, tá pearsantacht agus comharbas suthain aige. Is iad comhaltaí Bhord Fhiontraíocht Éireann comhaltaí na gníomhaireachta.

Feidhmíonn an ghníomhaireacht de réir forálacha na nAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1986-2009 agus faoi choimirce an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, a bhfuil sé de chumhacht aige cistiú a chur ar fáil don ghníomhaireacht chun gur féidir leis a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh; treoracha polasaí ginearálta a eisiúint; agus eolas a lorg ar ghníomhaíochtaí na gníomhaireachta.

I dteannta a cuid reachtaíocht cheannais féin, caithfidh an ghníomhaireacht cloí le réimse eile riachtanas reachtúil (náisiúnta agus AE) agus riaracháin. Caithfidh sí nósanna imeachta a chur i bhfeidhm, ach go háirithe, chun comhlíonadh na riachtanas sonrach seo a leanas a chinntiú:

### Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, agus tá nósanna imeachta agus athbhreithnithe curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh a fhorálacha a chinntiú.

Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird, i dtuarascáil ar leith a chuirtear faoi bhráid an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ar bhonn bhliantúil, comhlíonadh riachtanais aonair an chóid. Tá creidiúnas Swift 3000:2010 maidir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ag Fiontraíocht Éireann do Mheasúnú Rialachais Chorparáidigh in Éirinn.

### Treoirlínte maidir le Measúnú agus Bainistiú Tograí Caiteachas Caipitiúil

Tá nósanna imeachta seanbhunaithe, tréan ag Fiontraíocht Éireann le haghaidh measúnaithe agus bainistíochta tionscadal caiteachas caipitiúil a eascraíonn as a gcláir dheontas caipitiúil. Cloíonn na nósanna imeachta seo leis na prionsabail atá leagtha amach sna treoirlínte.

### Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Achtaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise (FOI) i 2014. Tugann an t-acht seo ceart dlíthiúil do dhaoine rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i seilbh chomhlachtaí poiblí, a mhéid agus is féidir, i gcomhréir leis an leas poiblí agus leis an gceart chun príobháideachta. Tá tuilleadh eolais faoi chur i bhfeidhm Fhiontraíocht Éireann den Acht um Shaoráil Faisnéise le fáil ar ár suíomh gréasáin www.enterprise-ireland.com. Tá Scéim Foilseacháin ar an suíomh freisin a chuireann eolas ginearálta a iarrtar go minic faoi Fhiontraíocht Éireann ar fáil i gcomhréir le hoibleagáidí na heagraíochta faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

### An tAcht um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, 2005

I gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, 2005, chuir Fiontraíocht Éireann i bhfeidhm nósanna imeachta chun go gcloífí le forálacha an achta agus tá ráiteas sábháilteachta ullmhaithe aici a chuimsíonn na gnéithe ar fad a bhíonn tionchar acu ar leas na foirne agus na gcuairteoirí.

## Íoc pras na gCuntas

Is é an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997, a rialaíonn íocaíochtaí sonrasc Fhiontraíocht Éireann, arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012 - I.R. 580 de 2012. Soláthraíonn na rialacháin seo, a bhaineann leis na hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon, teidlíocht as féin d'ús agus do chúiteamh má tá moill ar íocaíocht idirbheart tráchtála (tar éis 30 lá ón dáta a fhaightear í). Is é polasaí Fiontraíocht Éireann a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras agus tá gach iarracht á dhéanamh, de réir dea-nósanna airgeadais, chun a chinntiú go n-íoctar na soláthróirí ar fad laistigh den achar ama seo. Tá rialuithe i bhfeidhm chun ráthaíocht réasúnta, gan a bheith absalóideach, a chur ar fáil i gcoinne neamhchomhlíonadh an achta agus na rialachán.

## Íoc Pras na Soláthróirí

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta dá hoibleagáidí faoin Riail Íoc Pras 15-lá a chomhlíonadh, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Iúil, 2011. Cinntíonn an fhoráil seo go bhfaighidh soláthróirí íocaíochtaí ar gach sonrasc bailí laistigh de 15 lá féilire.  Tuairiscíonn Fiontraíocht Éireann go ráithiúil ar chur i bhfeidhm na Rialach Íoc Pras 15-lá ar a suíomh gréasáin. Léiríonn an tábla thíos feidhmíocht Fhiontraíocht Éireann maidir leis an riachtanas íocaíochta 15-lá i rith 2017.

| Sonraí | Líon | Luach € |
|---|---:|---:|
| Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá | 12,455 | 32,752,174 |
| Idir 16 agus 30 lá | 10 | 44,083 |
| Níos mó ná 30 lá | 3 | 897 |
| Íocaíochtaí iomlán | 12,468 | 32,797,154 |

## Cód Íoc Pras

Is sínitheoir í Fiontraíocht Éireann den chód cleachtais um íoc pras.

## An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

Cuimsíodh Fiontraíocht Éireann laistigh de scóip na Rialachán um Eitic in Oifigí Poiblí (Comhlachtaí Poiblí Forordaithe, Stiúrthóireachtaí Ainmnithe de chuid Comhlachtaí Poiblí agus Poist Ainmnithe i gComhlachtaí Poiblí) 2004 (I.R. Uimh 699 de 2004) le héifeacht ón 1 Eanáir, 2005. Tugann comhaltaí boird de chuid Fiontraíocht Éireann ráitis leasa gach bliain don Rúnaí, agus tugadh cóipeanna díobh seo do Rúnaí an Choimisiúin, an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Ina theannta sin, cloíonn baill foirne Fhiontraíocht Éireann a bhfuil poist ainmnithe acu leis an Acht.

## Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Tá Fiontraíocht Éireann cláraithe mar rialaitheoir sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.  Ón 25ú Bealtaine 2018, beidh Fiontraíocht Éireann faoi réir an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí, a chuirfear in ionad an chreata cosanta sonraí atá ann cheana faoin Treoir AE um Chosaint Sonraí 1995. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Oifigeach Cosanta Sonraí Fhiontraíocht Éireann, The Plaza, Páirc Ghnó an Phointe Thoir, Baile Átha Cliath 3.

## Polasaí Nochtaithe maidir le hÍocaíochtaí agus Infheistíochtaí

Is é polasaí Fhiontraíocht Éireann eolas a chur ar fáil faoi íocaíochtaí tacaíochta airgeadais a rinneadh le cuideachtaí cliaint. Tá tuairisc a liostaíonn gach íocaíocht den chineál sin a rinne Fiontraíocht Éireann d'aon bhliain ar bith le fáil ar iarratas tar éis eisithe na tuarascála bliantúil.

## An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta d'Fhiontraíocht Éireann i 2017.

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta do pholasaí comhionannas agus glacann sí cur chuige dearfach maidir le comhionannas san eagraíocht. Feidhmíonn Fiontraíocht Éireann roinnt scéimeanna a thugann roghanna don fhoireann maidir lena riachtanais gairme agus pearsanta a bhaint amach, ar nós postroinnte, saoire staidéir, cláir oideachais agus sosanna gairme.

Tá polasaí maidir le Cosaint Dhínit ag an Obair i bhfeidhm agus é curtha in iúl don fhoireann ar fad.

## Coimisiún an Aontais Eorpaigh

I 2017, riaraigh Fiontraíocht Éireann réimse clár atá i dteideal comhaoiniú trí Chistí Struchtúracha an AE, lena n-áirítear Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Clár Oibriúcháin na hEarnála Táirgeachta, Clár Oibriúcháin Fostaíochta agus Forbartha Acmhainní Daonna, agus Cláir Oibriúcháin Réigiúnacha do Réigiún na Teorann, an Láir Tíre agus an Iarthair (BMW) agus Réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003


Tagann Fiontraíocht Éireann faoi choimirce Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a achtaíodh ar an 14 Iúil, 2003 chun creat reachtúil a chruthú do chur ar fáil seirbhísí trí mheán na Gaeilge. De réir Ailt 10 den acht, foilsítear an tuarascáil bhliantúil seo i nGaeilge agus i mBéarla.

## Cairt na gCliant

Leagann Cairt Chustaiméirí Fhiontraíocht Éireann amach ár dtiomantas do sheirbhísí d'ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí agus is féidir teacht ar an gcairt sa chuid 'About Us' den suíomh gréasáin.

## Éifeachtúlacht agus Caomhnú Fuinnimh

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta do gach iarracht is féidir a dhéanamh a bheith éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus tá sí ag obair i ndlúthchomhar le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun an sprioc atá leagtha síos ag an rialtas laghdú 33% ar úsáid fuinnimh a bhaint amach roimh 2020. Tá a gcuid spriocanna á mbaint amach ag an ngníomhaireacht chun úsáid fuinnimh a laghdú de 33%, arna thomhais de réir a bonnlíne i 2009. Glacann an ghníomhaireacht páirt freisin i gcreat-chomhaontuithe do sholáthar fóntas ar nós leictreachais agus gáis, faighte go lárnach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, dá hoifigí i mBaile Átha Cliath agus dá hoifigí réigiúnacha. Ó Iúil 2015 ar aghaidh, tá sé de dhualgas ar gach foirgneamh poiblí os cionn 250 méadar cearnach i méid teastas fuinnimh a chur ar taispeáint. Tá rátáil teastas fuinnimh taispeáinte de C3 agus D2 faoi seach ag na príomhfhoirgnimh oifige faoi láthair atá, ar an meán thar an dá fhoirgneamh, mórán mar an gcéanna leis an rátáil a bhí ann anuraidh.



**Julie Sinnamon**

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Bord Fhiontraíocht Éireann 2017

Tá Bord Fhiontraíocht Éireann freagrach as straitéis agus polasaí fairsinge a leagan amach don eagraíocht. Tá sé freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaí airgeadais agus as próisis agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm le cinntiú go mbeidh an córas éifeachtach. Tá freagracht maoirsithe aige freisin as gníomhaíochtaí na heagraíochta. Tarmligeann sé an fhreagracht dá gcur i bhfeidhm don bhainistíocht agus do na fochoistí.

Tá údarás reachtúil ag an mBord cistiú suas go dtí na leibhéil atá leagtha amach san Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986, arna leasú, agus san Acht um Eolaíocht agus Teicneolaíocht, 1987, a fhormheas agus moltaí a dhéanamh don Rialtas faoi chúnamh cistithe a thabhairt os cionn na leibhéal seo. Tá sé d'údarás ag Bord Fhiontraíocht Éireann agus ag a coistí cuí scaireanna a cheannach (gnáthscaireanna nó scaireanna tosaíochta) i gcuideachtaí cliaint.

De réir théarmaí an Achta um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998, tá na feidhmeanna agus cumhachtaí ar fad forchoimeádta don Bhord, seachas iad sin a tharmligeann an Bord go foirmeálta. Leagtar síos na cumhachtaí tarmligthe sin ar fad agus formheasann an Bord iad go foirmeálta.

Ina cuid gníomhaíochtaí féin agus ina húsáid d'fhochoistí, feidhmíonn an Bord ar son na bprionsabal dea-chleachtais is fearr sa rialachas corparáideach.

De réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, caithfidh comhaltaí an Bhoird Ráiteas Leasa a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus don Rúnaí. Cloíonn Fiontraíocht Éireann go huile agus go hiomlán le polasaí an Rialtais maidir le pá na bpríomhfheidhmeannach agus pá daoine atá fostaithe i gcomhlachtaí stáit agus le treoirlínte an Rialtais ar íocaíocht tháillí do chomhaltaí Boird.

Is é an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta a ainmníonn na comhaltaí Boird, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Gach bliain, ar chuimhneacháin an Lae Bhunaidh, éiríonn an dá chomhalta (seachas an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach) a chaith an seal is faide in oifig óna gceapachán deireanach as oifig. Nuair a cheaptar na comhaltaí Boird nua, tugtar faisnéis mhionsonrach dóibh faoin ghníomhaireacht agus a feidhmiúcháin.

Fágtar faoin mBord é Rúnaí an Bhoird a cheapadh agus a chur as oifig. Tá rochtain ag gach comhalta Boird ar an Rúnaí atá freagrach as a chinntiú go gcloítear le nósanna imeachta an Bhoird.

## Bord Fhiontraíocht Éireann ar an 15 Bealtaine, 2018



**Terence O' Rourke,**
(Cathaoirleach),
Iarphairtnéir Bainistíochta,
KPMG
Ceaptha: 29 Iúil 2013



**Julie Sinnamon,**
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin,
Fiontraíocht Éireann
Ceaptha: 3 Samhain 2013



**Declan Hughes,**
Leas Ard-Rúnaí sa Roinn Gnó,
Fiontar agus Nuálaíochta
Ceaptha: 4 Meán Fómhair 2017



**Geoff Meagher,**
Sainchomhairleoir
Ceaptha: 15 Deireadh Fómhair 2012



**Colum Horgan,**
Príomhfheidhmeannach,
InverCloud
Ceaptha: 15 Deireadh Fómhair 2012



**Dave Shanahan,**
Bunaitheoir agus
Príomhfheidhmeannach,
Adagio Ventures
Commercialisation Partners
Ceaptha: 23 Deireadh Fómhair 2015



**Lisa Dillon,**
Bainisteoir Ginearálta EMEA
Díolacháin Inmheánacha le
Microsoft
Ceaptha: 17 Samhain 2015



**Patrick Flynn,**
Bainisteoir agus Páirtnéir
Bunaidh, Flynn O' Driscoll, Dlí
Tráchtála & Corparáideach
Ceaptha: 8 Iúil 2014



**John McMahon,**
Sainchomhairleoir
Ceaptha: 26 Márta 2014



**Helen Ryan,**
Stiúrthóir, Hakata Holdings
Limited
Ceaptha: 26 Márta 2014



**Elaine Coughlan,**
Páirtnéir Ginearálta,
Atlantic Bridge, Baile Átha
Cliath
Ceaptha: 12 Bealtaine 2014

Is é **Paul McKeown**
Rúnaí an Bhoird

### Athruithe don Bhord i rith 2017/2018

Chuaigh David Walsh ar scor an 29 Bealtaine 2017
Chuaigh Clare Dunne ar scor an 23 Iúil 2017

# Ballríocht de Choistí Bainistíochta Fhiontraíocht Éireann ar 15 Bealtaine, 2018

## Coiste Feidhmiúcháin

Bainistíonn agus rialaíonn an Coiste Feidhmiúcháin riarachán bhuiséad Fhiontraíocht Éireann, déanann sé monatóireacht ar spriocanna eagraíochtúla, agus breathnaíonn sé ar ábhair a bhaineann leis an bpolasaí corparáideach, lena n-áirítear treoirlínte maidir le táirgí airgeadais, polasaithe agus straitéisí earnála, straitéis réigiúnach agus cláir agus scéimeanna nua agus leasaithe.

**Julie Sinnamon,** (Cathaoirleach), Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann

**Orla Battersby,** Bainisteoir Roinne, Bia, Fiontraíocht Éireann

**Brendan Flood,** Bainisteoir Roinne, Réigiúin & Fiontraíocht, Fiontraíocht Éireann

**Joe Healy,** Bainisteoir Roinne, Gnólacht Nuathionscanta Ardacmhainne, Fiontraíocht Éireann

**Tom Kelly,** Bainisteoir Roinne, Tionscail, na hEolaíochtaí Beath & Tomhaltóirí, Fiontraíocht Éireann

**Leo McAdams,** Bainisteoir Roinne, Díolacháin agus Páirtíocht Idirnáisiúnta, Fiontraíocht Éireann

**Paul McKeown,** Príomhoifigeach Airgeadais, Fiontraíocht Éireann

**Gearóid Mooney,** Bainisteoir Roinne, Taighde agus Nuálaíocht, Fiontraíocht Éireann

**Niall O'Donnellan,** Bainisteoir Roinne, TFC & Seirbhísí Idirnáisiúnta, Polasaí, Forbairt Iomaíochachais & Forbartha Cliant, Fiontraíocht Éireann

**Kevin Sherry,** Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Forbairt Ghnó Domhanda, Fiontraíocht Éireann

**Mairead Hennessy,** Rúnaí don Choiste Feidhmiúcháin

***Chuaigh na comhaltaí seo a leanas ar scor ón gcoiste i rith 2017/2018:***

*Walter Hobbs, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Infheistíocht & Airgeadais, Fiontraíocht Éireann*

*Michael Cantwell, Bainisteoir Roinne, an Roinn Bia, Fiontraíocht Éireann*

## An Coiste Infheistíochta

Tá sé de chumhacht ag an gCoiste Infheistíochta pacáistí cistithe a fhormheas suas go dtí €1.25 milliún do thionscadail nach bhfuair formheas cistithe d'os cionn €3.25 milliún cheana féin d'aon tionscadal eile sna dhá bhliain roimhe.

**Julie Sinnamon,** (Cathaoirleach), Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann

**Marian Byrne,** Príomhoifigeach, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**Bernie Cullinan,** Sainchomhairleoir, An Earnáil Phríobháideach

**Eugene Forde,** Príomhoifigeach, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

**Niall O'Donnellan,** Bainisteoir Roinne, TFC & Seirbhísí Idirnáisiúnta, Polasaí, Forbairt Iomaíochachais & Forbartha Cliant, Fiontraíocht Éireann

**Liam Ryan,** Sainchomhairleoir, an Earnáil Phríobháideach

**Kevin Sherry,** Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Forbairt Ghnó Domhanda, Fiontraíocht Éireann

**Paul McKeown,** Príomhoifigeach Airgeadais, Fiontraíocht Éireann

**Eimear Kenny,** Rúnaí an Choiste Infheistíochta

***Chuaigh na comhaltaí seo a leanas ar scor ón gcoiste nó d'éirigh siad as i rith 2017/2018:***

*Michael Cantwell, Bainisteoir Roinne, an Roinn Bia, Fiontraíocht Éireann*

*Walter Hobbs, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Infheistíocht & Airgeadais, Fiontraíocht Éireann*

## An Coiste um Fhorbairt Taighde & Nuálaíochta

Tá cur chuige Fhiontraíocht Éireann do T&F faoi threoir Straitéis Nuálaíochta an Rialtais 2020, atá á comhórdú ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Seoladh an Ciste T&F go luath i 2008 agus tá sé deartha chun tacaíocht a thabhairt do thaighde, forbairt agus nuálaíocht theicneolaíocht atá ábhartha ag gach céim d'fhorbairt chuideachtaí. Cuireann sé tacaíocht ar fáil chun cabhrú le cuideachtaí dul ar aghaidh ón gcéad tionscadal taighde a dhéanann siad go dtí gníomhaíochtaí nuálaíochta agus T&F ardleibhéil.

**Niall O'Donnellan,** (Cathaoirleach) Bainisteoir Roinne, TFC & Seirbhísí Idirnáisiúnta, Polasaí, Forbairt Iomaíochachais & Forbartha Cliant, Fiontraíocht Éireann

**Gearóid Mooney,** Bainisteoir Roinne, Taighde agus Nuálaíocht, Fiontraíocht Éireann

**Leo McAdams,** Bainisteoir Roinne, Díolacháin agus Páirtíocht Idirnáisiúnta, Fiontraíocht Éireann

**Deirdre Glenn,** Stiúrthóir, Eolaíochtaí Beatha agus Tráchtálaíocht agus Bainisteoir, an Earnáil Eolaíochtaí Beatha, Fiontraíocht Éireann

**Tom Beresford,** Ceann Ionad Taighde Bia Moorepark, Teagasc

**Brian Dalton,** Cláir Nuálaíochta, Taighde agus Forbartha, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

**Orla Donohoe,** Bainsteoir Roinne, Báicéireacht, Bia agus Deochanna, Bord Bia

**Denis Hayes,** Bainisteoir Ginearálta, Grúpa Taighde Tionsclaíochta agus Forbartha

**Brian McCoy,** Sainchomhairleoir

**Miriam Ní Néill,** Roinn Fiontair Closamhairc

**Aidan O'Connor,** Sainchomhairleoir

**Johnnie Phillips,** Sainchomhairleoir

**Padraig Somers,** Bainisteoir Ginearálta, Helsinn Birex Pharmaceuticals

**Lorraine Frewen,** Rúnaí don Choiste T&F

## An Coiste Caipiteal Síl agus Fiontair

Is é cuspóir chláir Choiste Caipiteal Síl agus Fiontair forbairt bhreise a dhéanamh ar earnáil chaipitil fiontair na hÉireann, caipiteal riosca a chur ar fáil do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide atá ag an staid síl, nuathionscanta agus forbartha, chun infheistíocht phríobháideach agus institiúideach a ghiaráil agus chun cistí inmharthana ó thaobh na tráchtála de a fhorbairt. Is scéim iomaíoch í seo.

**Kevin Sherry,** (Cathaoirleach) Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Forbairt Ghnó Domhanda, Fiontraíocht Éireann

**Donnchadh Cullinan,** Bainisteoir Roinne, Caipiteal Fáis & Caidrimh Bhaincéireachta, Fiontraíocht Éireann

**Don Harrington,** Stiúrthóir Airgeadais Chorparáideach, Goodbody Stockbrokers, Earnáil Phríobháideach

**Jean Carberry,** Príomhoifigeach, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

**Paul McKeown,** Príomhoifigeach Airgeadais, Fiontraíocht Éireann

**Nick Ashmore,** Príomhfheidhmeannach, Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann

**Eimear Kenny,** Rúnaí don Choiste Caipiteal Síl agus Fiontair

***Chuaigh na comhaltaí seo a leanas ar scor ón gcoiste i rith 2017/2018:***

*Walter Hobbs, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Infheistíocht & Airgeadais, Fiontraíocht Éireann*

*Páraig Hennessy, Príomhoifigeach, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta*

## An Coiste um Taighde Tionsclaíochta agus Tráchtálaíochta

Formheasann an Coiste um Thaighde Tionscail agus Tráchtálaíochta cistiú suas go dtí €1.25 milliún do thaighde agus tráchtálaíocht feidhmeach a bhfuil ollscoileanna agus na hinstitiúidí teicneolaíochta, taighde comhoibritheach agus líonraí atá á stiúradh ag an tionscal bainteach leis. Díríonn sé isteach ar thionscadail atá stiúrtha ag an tionscal nó a d'fhéadfadh toradh tráchtála a bheith acu in Éirinn.

**Gearóid Mooney,**(Cathaoirleach), Bainisteoir Roinne, Taighde agus Nuálaíocht, Fiontraíocht Éireann

**Mike Brosnan,** Sainchomhairleoir

**Brian Dalton,** Cláir Nuálaíochta, Taighde agus Forbartha, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

**Joseph Curtis,** Bainisteoir Roinne, Seirbhísí Taighde agus Nuálaíochta agus Corparáideacha, Fiontraíocht Éireann

**Carol Gibbons,** Bainsteoir Roinne, Tráchtálaíocht TFC, Leictreonaic, Fiontraíocht Éireann

**Seamas Grant,** Sainchomhairleoir

**Richard Howell,** Ceann Roinne, an Roinn Bia agus Comhordaithe Codex, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**Gemma Irvine,** Ceann Polasaí & Pleanáil Straitéiseach, an tÚdarás um Ard-Oideachas

**Frank Kennedy,** Feidhmeannach Scortha, Tionscal Príobháideach

**Darrin Morrissey,** Stiúrthóir na gClár, Fondúireacht Eolaíochta Éireann

**Niall O'Donnellan,** Bainisteoir Roinne, TFC & Seirbhísí Idirnáisiúnta, Polasaí, Forbairt Iomaíochachais & Forbartha Cliant, Fiontraíocht Éireann

**Mairead O'Driscoll,** an Stiúrthóir Maoinithe, an Bord Taighde Sláinte

**Richard O'Kennedy,** Stiúrthóir an Ghrúpa Bithcheimice Feidhmigh, Scoil na Biteicneolaíochta agus an tIonad Náisiúnta um Taighde ar Bhraiteoirí, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

**Mary Shire,** Leasuachtarán Taighde, Ollscoil Luimnigh

**Mairead Hennessy,** Rúnaí don Choiste um Thaighde agus Tráchtálaíochta

***Chuaigh na comhaltaí seo a leanas ar scor ón gcoiste i rith 2017/2018:***

*Chuaigh Barry Heavy, Ceann Eolaíochtaí Beatha, Innealtóireacht & Teicneolaíocht Tionsclaíoch, ÚFT Éireann ar scor ón gCoiste i 2017*

## An Coiste um Leathnaithe Poist agus Infheistíocht Chaipitil

Formheasann an Coiste JECI maoiniú faoin gCoiste um Leathnaithe Poist suas go dtí €150,000 agus maoiniú faoin Tionscnamh Infheistíochta Caipitil suas go dtí €250,000.

**Tom Kelly** (Cathaoirleach) Bainisteoir Roinne, Tionscail, na hEolaíochtaí Beath & Tomhaltóirí, Fiontraíocht Éireann

**Stephen Hughes,** Bainisteoir, Tógáil, Adhmad & Miondíol Tomhaltóra Páipéar, Priontáil & Pacáistiú, Fiontraíocht Éireann

**John Geehan,** Earnáil Phríobháideach

**Wendy Gray,** an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

**Niall McKeon,** an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**Jenny Melia,** Bainisteoir Roinne, Bia Tomhaltóirí, Bia Mara agus Gairneoireacht Fiontraíocht Éireann

**Tom Mulqueen,** Earnáil Phríobháideach

**Karen Tyner,** Bainisteoir Easpórtála, Bord Bia

**Giles O'Neill,** Bainisteoir, Oideachas, Gnó & Seirbhísí Tomhaltóirí, Fiontraíocht Éireann

**Lorraine Frewen,** Rúnaí don Choiste um Leathnaithe Poist agus Infheistíocht Chaipitil

# Ráitis Airgeadais

## Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais
## Fiontraíocht Éireann

**Tuairim faoi na ráitis airgeadais**

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Fhiontraíocht Éireann don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 22 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998. Seo a leanas atá sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus chaiteachas agus cúlchistí coinnithe
- an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach
- an ráiteas faoi sheasamh airgeadais
- an ráiteas faoi shreafaí airgid agus
- na nótaí bainteacha lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe cuntasaíochta tábhachtacha

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar na hacmhainní, dliteanais agus ar staid airgeadais Fhiontraíocht Éireann ar an 31 Nollaig 2017 agus dá hioncam agus caiteachas do 2017 i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.*

**Bunús na tuairime**

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) mar a chuirtear i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Is iad na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin ná iad siúd a bhfuil tuairisc orthu san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Fhiontraíocht Éireann agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Measaim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam le go mbeidh sí ina bonn le mo thuairim.

**Tuairisc faoi fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais agus faoi ábhair eile**

Tá faisnéis eile curtha i láthair ag Fiontraíocht Éireann in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá mo chuid freagrachtaí as tuairisc a thabhairt i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu trí eisceachtaí, leagtha amach san aguisín leis an tuarascáil seo.

***Soláthar neamh-chomhlíontach***

Tarraingím aird ar an ráiteas faoi rialú inmheánach ina nochtar gur thabhaigh Fiontraíocht Éireann caiteachas de €792,000 i 2017 ar cheithre chonradh áit nach raibh na nósanna imeachta a leanadh ag cloí le treoirlínte i leith soláthair phoiblí. Sa ráiteas seo freisin leagtar amach na céimeanna atá tógtha nó beartaithe ag Fiontraíocht Éireann chun aghaidh a thabhairt ar na laigí sin.



**Seamus McCarthy**

**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**26 Meitheamh 2018**

# Aguisín don tuarascáil

## Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

Sa ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird leagtar amach freagrachtaí na gcomhaltaí Boird.  Tá na comhaltaí Boird freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 22 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998
- déanamh cinnte go dtugtar léargas fíor agus cóir i gcomhréir le FRS102 sna ráitis airgeadais
- déanamh cinnte go mbíonn idirbhearta rialta
- measúnú cibé acu gur cuí úsáid a bhaint as bonn an ghnóthais leantaigh sa chuntasaíocht, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun gur féidir ullmhúcháin airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar thoradh ar chalaois nó earráid.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 22 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Fhiontraíocht Éireann chun tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is í an aidhm atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh ná dearbhú réasúnta faoi cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní deimhniú é go mbraithfidh iniúchadh, arna chur i bhfeidhm de réir ISA míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar gur míráitis ábhartha iad más féidir bheith ag súil leis go réasúnta, go mbeadh tionchar acu ina n-aonar, nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha úsáideora arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Déanaim rioscaí an mhíráitis ábhartha i leith na ráiteas airgeadais cibé acu de thoradh calaoise nó earráide a aithint agus a mheas ceapaim agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta iniúchóireachta chun freagairt do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus cuí le go mbeidh sí ina bonn le mo thuairim. Tá an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha de thoradh calaoise níos airde ná an riosca de thoradh earráide, mar d'fhéadfadh
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach is cuí don iniúchadh chun nósanna imeachta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl faoi éifeachtacht na rialuithe airgeadais.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán airgeadais agus na nochtuithe bainteacha.
- Tagaim ar chonclúid faoi oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh don chuntasaíocht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta faighte, cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha i gceist a d'fhéadfadh amhras a chur ar chumas Fhiontraíocht Éireann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanúnach. Má thagaim ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais, mura leor na nochtuithe sin, chun mo thuairim a athrú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar fhianaise faighte suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go dtarlódh imeachtaí nó go mbeadh coinníollacha i gceist sa todhchaí, áfach, a stopfadh Fiontraíocht Éireann de leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanúnach mar thoradh orthu.
- Déanaimh measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, na nochtuithe san áireamh, agus lena n-áirítear cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach go gcuirtear i láthair go cóir iad.

Bíonn cumarsáid agam leo siúd a mbíonn cúram leagtha orthu rialachas maidir le, i measc ábhar eile, scóip agus tráthú beartaithe an iniúchta agus fionnachtana tábhachtacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh mhóra sa rialú inmheánach a aithním le linn an iniúchta.

## Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirím aon fhoirm eile de chonclúid dearbhaithe i leith sin.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile atá curtha i láthair a léamh, agus é sin á dhéanamh agam, breithniú cibé acu an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas faighte le hiniúchadh, nó más cosúil go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha ar bhealach eile. Má cheapaim, ar bhunús na hoibre atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha maidir leis an eolas eile seo, tá de cheanglas orm an méid sin a thuairisciú.

## Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh ag tagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriúchán. Tugaim tuairisc má tá ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach ina dhéantar an gnó poiblí.

Tá mé ag iarraidh fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tugaim tuairisc má bhí aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha beartaithe agus murar chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis atá á rialú, nó

Tugaim tuairisc freisin trí eisceacht má amhlaidh, i mo thuairim

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a theastaíonn uaim do m'iniúchadh, nó
- nárbh leor na taifid chuntasaíochta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh gan mhoill agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Bord

## Rialachas

Bunaíodh Bord Fhiontraíocht Éireann faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 22 den Acht seo. Tá an Bord freagrach don Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú, rud a dhéantar trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh faoi gach príomhcheist a bhaineann leis an ngnó. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúchán agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as feidhmiú, rialú agus stiúradh Fhiontraíocht Éireann ó lá go lá. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don ardbhainistíocht an treoir straitéiseach ghinearálta atá leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag na Comhaltaí Boird de na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus d'aon riosca suntasach a d'fhéadfadh a theacht aníos. Feidhmíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar theagmhálaí idir Bhord agus bainistíocht Fhiontraíocht Éireann.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i dtéarmaí tagartha an Bhoird, ina bhfuil na hábhair maidir le cinntí an Bhoird forchoimeádta go sonrach. Áirítear leis na míreanna buana a phléann an Bord:

- Dearbhú leasanna,
- Tuarascáil an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin,
- Tuarascálacha ó Fho-choistí Boird,
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta tuairiscí feidhmiúcháin,
- míreanna faoi Rialachas Corparáideach,
- míreanna le plé,
- Tionscadail le haghaidh cinnidh,
- Míreanna le nótáil

Éilíonn Alt 22 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998, ar Bhord Fhiontraíocht Éireann, sa bhfoirm a bhfaomhóidh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht le toiliú an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách den airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choinneáil.

Ag ullmhú na ráitis airgeadais sin, caithfidh Bord Fhiontraíocht Éireann:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh sé ar aghaidh ag oibriú, agus
- A mhaíomh an bhfuil na caighdeáin chuntasaíochta á chomhlíonadh, faoi réir aon imeachtaí ábhartha nochtaithe agus mínithe sna ráitis airgeadais

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta dhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta am ar bith, a staid airgeadais agus a chumasaíonn dó a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 22 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998. Tá sé de fhreagracht ar an mBord an t-eolas corparáideach agus airgeadais ar shuíomh gréasáin Fhiontraíocht Éireann a choinneáil suas chun dáta agus a chruinneas a chinntiú.

Tá an Bord freagrach as formheas an phlean and buiséad bliantúil. Ar an 14 Feabhra 2018, rinneadh measúnú d'fheidhmíocht Fhiontraíocht Éireann ag úsáid an phlean agus an bhuiséid bhliantúil mar thagairt.

Tá an Bord freagrach freisin as a acmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí a chosc agus a bhraith.

Is í tuairim an Bhoird go dtugann ráitis airgeadais Fhiontraíocht Éireann léargas fíorcheart d'fheidhmíocht agus de staid airgeadais Fhiontraíocht Éireann ag 31 Nollaig 2017.

## Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus deich gcomhalta neamhfheidhmiúcháin ar an mBord, agus iad ar fad ceaptha ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse cúig bliana agus cruinníonn siad le chéile ar bhonn míosúil. Tá folúntas amháin ann faoi láthair.

Léiríonn an tábla thíos sonraí maidir le tréimhse cheaptha na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta Ceaptha |
|---|---|---|
| Terence O'Rourke | Cathaoirleach | 29 Iúil 2013 |
| Julie Sinnamon | Príomhfheidhmeannach | 3 Samhain 2013 |
| Elaine Coughlan | Comhalta Boird | 12 Bealtaine 2014 |
| Lisa Dillon | Comhalta Boird | 17 Samhain 2015 |
| Patrick Flynn | Comhalta Boird | 8 Iúil 2014 |
| Colum Horgan | Comhalta Boird | 15 Deireadh Fómhair 2012 Athcheaptha 10 Iúil 2017 |
| Declan Hughes | Comhalta Boird | 4 Meán Fómhair 2017 |
| John Mc Mahon | Comhalta Boird | 26 Márta 2014 Athcheaptha 10 Iúil 2017 |
| Geoff Meagher | Comhalta Boird | 15 Deireadh Fómhair 2012 Athcheaptha 10 Iúil 2017 |
| Helen Ryan | Comhalta Boird | 26 Márta 2014 Athcheaptha 10 Iúil 2017 |
| Dave Shanahan | Comhalta Boird | 23 Deireadh Fómhair 2015 |

Thosaigh agus chríochnaigh an Bord Athbhreithniú seachtrach ar Éifeachtúlacht agus Mheastóireacht i Ráithe 1 de 2017.

Bhunaigh an Bord cúig fochoiste, mar a leanas:

### 1. Fochoiste Comhairleach

Trí chomhalta Boird neamhfheidhmiúcháin agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Is é ról Fochoiste Comhairleach an Bhoird ábhair a bhaineann le tograí práinneacha agus/nó suntasacha a athbhreithniú agus a phlé roimh a phléann an Bord iad agus a dhéantar cinneadh ina leith.

Is iad seo a leanas comhaltaí Fhochoiste Comhairleach an Bhoird: Terence O'Rourke (Cathaoirleach), Julie Sinnamon (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin), Elaine Coughlan agus Geoff Meagher. Eagraíodh dhá chruinniú den Fhochoiste Comhairleach an Bhoird i 2017.

### 2. An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca

Tá ceithre chomhalta Boird neamhfheidhmiúcháin ar an gcoiste seo. Is é ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena fhreagrachtaí maidir le ceisteanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas agus ráthaíocht bhainteach. Tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Ach go háirithe, cinntíonn an coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar chórais rialaithe inmheánacha. Tuairiscíonn an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca chuig an mBord tar éis gach cruinniú, agus go foirmeálta i scríbhinn uair amháin sa bhliain.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca: Geoff Meagher (Cathaoirleach), Colum Horgan, Helen Ryan agus folúntas amháin. Chuaigh David Walsh ar scor i rith 2017. Eagraíodh ceithre chruinniú den Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca i 2017.

### 3. An Coiste Athbhreithnithe Infheistíochta Punainne (IPRC)

Tá dhá chomhalta Boird neamhfheidhmiúcháin atá ceaptha ag an mBord ar an gcoiste seo, duine amháin acu a ainmneofar mar Chathaoirleach, comhalta earnála príobháidí amháin atá ceaptha ag an mBord (Folúntas), an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Príomhoifigeach Airgeadais. Is é ról an Choiste Athbhreithnithe Infheistíochta Punainne (IPRC) maoirsiú a dhéanamh ar bhainistíocht Phunann Infheistíochta Fhiontraíocht Éireann.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Athbhreithnithe Infheistíochta Punainne: John Mc Mahon (Cathaoirleach), Declan Hughes, Julie Sinnamon agus Paul McKeown. Clare Dunne, Rúnaí Cúnta, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, agus Niall O'Donnellan, Fiontraíocht Éireann, a chuaigh ar scor i rith 2017. Eagraíodh ceithre chruinniú den IPRC i 2017.

### 4. An Coiste Straitéise agus Polasaithe

Tá ceithre chomhalta Boird neamhfheidhmiúcháin atá ceaptha ag an mBord ar an gcoiste seo. Is é ról an Choiste Straitéise ná obair leis an gCoiste Feidhmiúcháin chun straitéis chorparáideach d'Fhiontraíocht Éireann a fhorbairt.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Straitéise: Terence O'Rourke (Cathaoirleach), John Mc Mahon, Geoff Meagher agus Helen Ryan. Eagraíodh dhá chruinniú den Choiste Straitéise i 2017.

### 5. An Coiste um Fheidhmíocht agus Pleanáil Acmhainní

Tá Cathaoirleach an Bhoird agus, ar a laghad, trí chomhalta Boird neamhfheidhmiúcháin atá ceaptha ag an mBord ar an gcoiste seo.

Is é ról an Choiste um Fheidhmíocht agus Pleanáil Acmhainní ná cúnamh a thabhairt don Bhord a fhreagrachtaí maoirseachta a chur i gcríoch trí chomhairle agus moltaí a thabhairt don Bhord maidir le ceapachán, luach saothair agus measúnú feidhmíochta agus pleanáil chomharbais an Phríomhfheidhmeannaigh, agus a chinntiú go bhfuil sé seo ag teacht le polasaí an Rialtais. Is iad Terence O'Rourke (Cathaoirleach), Elaine Coughlan, Patrick Flynn agus folúntas amháin atá mar chomhaltaí den Choiste um Fheidhmíocht agus Pleanáil Acmhainní.

### Sceideal an Fhreastail, na Táillí agus na Speansas

Leagtar amach thíos sceideal an fhreastail ar chruinnithe an Bhoird agus an Choiste do 2017, agus na táillí agus na speansais a bhí ann do gach comhalta:

| | Bord | Comhairleach an Bhoird | Iniúchóireacht & Riosca | IPRC | Straitéis & Polasaí | Feidhmíocht & Pleanáil Acmhainní | Táillí 2017 € | Speansais 2017 € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gcruinnithe | *13 | 2 | 4 | 4 | 2 | Mar is gá | | |
| Terence O'Rourke | 13 | 2 | | | 2 | | 20,449 | 2,122 |
| Julie Sinnamon | 13 | 2 | | | | | - | 33,376 |
| Elaine Coughlan | 11 | 2 | | | | | 11,929 | - |
| Lisa Dillon | 9 | | | | | | 11,929 | - |
| Clare Dunne *(chuaigh ar scor an 29ú Bealtaine 2017)* | 8 | | | 3 | | | - | - |
| Patrick Flynn | 13 | | | | | | 11,929 | - |
| Colum Horgan | 12 | | 4 | | | | 11,929 | 6,303 |
| Declan Hughes *(ceaptha an 4ú Meán Fómhair 2017)* | 4 | | | 1 | | | - | - |
| John Mc Mahon | 12 | | | 4 | 2 | | 11,929 | - |
| Geoff Meagher | 13 | 2 | 4 | | 2 | | 11,929 | 3,475 |
| Helen Ryan | 11 | | 4 | | 1 | | 11,929 | 2,872 |
| Dave Shanahan | 10 | | | | | | 11,929 | - |
| David Walsh *(a chuaigh ar scor ar 29 Bealtaine 2017)* | 2 | | 1 | | | | 4,863 | - |
| Iomlán | | | | | | | 120,744 | 48,148 |

*Tháinig an Bord le chéile dhá uair gan na comhaltaí Boird feidhmiúcháin nó an bhainistíocht a bheith i láthair ar an 12ú Iúil agus 13ú Nollaig 2017.

Cuimsíonn na speansais iomlána de €48,148 an €15,342 a íocadh go díreach do chomhaltaí an Bhoird; baineann an t-iarmhéid de €32,806 leis an gcaiteachas a d'íoc Fiontraíocht Éireann thar ceann na gcomhaltaí Boird. Baineann na speansais le costais iompair agus chothabhála tabhaithe ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus na comhaltaí Boird le linn dóibh a bheith ag freastal ar chruinnithe agus ar ócáidí cliaint eile de chuid Fiontraíocht Éireann lena n-áirítear misin thrádála thar sáile.

Bhí triúr chomhaltaí Boird nach bhfuair táillí ón Bhord a bhí ag teacht leis an bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin (OPOS): Julie Sinnamon (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin), Clare Dunne, Rúnaí Cúnta, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (a chuaigh ar scor agus ar ceapadh duine eile ina háit) agus Declan Hughes, Rúnaí Cúnta, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

## Príomhathruithe Pearsanra

Chuaigh beirt chomhaltaí den Bhord ar scor i rith na bliana ag deireadh a dtréimhsí in oifige: Clare Dunne agus David Walsh. De réir an Achta um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998, rinne an tAire comhalta nua amháin, Declan Hughes, a cheapadh, agus tá folúntas amháin fós oscailte.

D'éirigh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Walter Hobbs as a phost le héifeacht ón 30 Aibreán 2017.

## Nochtaithe a éilíonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann Fiontraíocht Éireann le riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

## Mionsonrú ar Shochair na bhFostaithe Gearrthéarmacha

Leagtar amach sochair ghearrthéarmacha fhostaithe os cionn €60,000 i Nóta 7(b).

## Costais Chomhairliúcháin

Cuimsíonn costais chomhairliúcháin costas na comhairle eachtraí a thugtar don bhainistíocht agus ní chuimsíonn siad feidhmeanna 'gnó mar is gnách'.

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Measúnú Tráchtála & Teicniúil | 279,712 | 330,386 |
| Iniúchadh Inmheánach, Bainistíocht Riosca & Iniúchtaí Cláir | 370,412 | 176,849 |
| Athbhreithnithe Airgeadais & Próisis | 73,431 | 167,810 |
| Dlíthiúil | 83,206 | 2,663 |
| Eile | 177,579 | 100,515 |
| **Costais chomhairliúcháin iomlána** | **984,340** | **778,223** |

## Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí

Tugann an tábla thíos mionsonrú ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla, socraíochtaí agus nósanna imeachta idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní chuimsíonn sé seo speansais a thabhtar maidir le comhairle dlíthiúil ghinearálta a fuair Fiontraíocht Éireann a nochtar sna costais Shainchomhairleoireachta thuas.

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Táillí dlíthiúla-nósanna imeachta dlíthiúla | - | 114,623 |
| Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána | - | - |
| Socraíochtaí | - | 79,106 |
| **Iomlán** | **-** | **193,729** |

## Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Tá ceannoifig Fhiontraíocht Éireann suite i bPáirc Ghnó an Phointe Thoir, Baile Átha Cliath. Tá líonra réigiúnach agus thar sáile ag Fiontraíocht Éireann freisin. Féachtar ar thaisteal taobh amuigh d'Éireann do bhaill foirne atá bunaithe in Éirinn mar Thaisteal Idirnáisiúnta . Féachtar ar thaisteal a dhéanann baill foirne atá bunaithe in aon cheann den tríocha trí oifig thar sáile taobh istigh de dhlínse a oifig ainmnithe mar Thaisteal Intíre. Féachtar ar thaisteal taobh amuigh den dlínse ina bhfuil oifig an bhaill foirne bunaithe mar thaisteal idirnáisiúnta.

Déantar caiteachas Taistil agus Cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Intíre | | |
| Bord* | 18,088 | 19,188 |
| Fostaithe | 2,380,845 | 2,133,869 |
| | | |
| Idirnáisiúnta | | |
| Bord* | 30,060 | 11,968 |
| Fostaithe | 2,087,632 | 1,901,696 |
| **Iomlán** | **4,516,625** | **4,066,721** |

*lena n-áirítear taisteal agus cothabháil de €15,342 a íocadh go díreach do chomhaltaí an Bhoird i 2017 (2016-€16,980). Baineann an t-iarmhéid de €32,806 (2016- €14,176) le caiteachas a d'íoc Fiontraíocht Éireann thar ceann na gcomhaltaí Boird.

## Caiteachas Fáilteachais

Cuimsíonn an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Fáilteachas Foirne | 14,253 | 2,000 |
| Fáilteachas Cliaint | 258,249 | 209,853 |
| **Iomlán** | **275,502** | **211,853** |

## Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, agus tá nósanna imeachta agus athbhreithnithe curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh a bhforálacha a chinntiú. Rinne Fiontraíocht Éireann riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh do 2017.

Thar ceann Bhord Fhiontraíocht Éireann:

Terence O'Rourke,
Cathaoirleach

Julie Sinnamon,
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

25 Meitheamh 2018

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

**Scóip na Freagrachta**

Thar ceann Fhiontraíocht Éireann, admhaím freagracht an Bhoird maidir le cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh riachtanais Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh (2016).

**Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaí**

Tá an córas rialaithe inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Mar sin, is féidir leis an gcóras ráthaíocht réasúnta seachas absalóideach a thabhairt go bhfuil na sócmhainní sábháilte, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifead mar is cóir, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a bhraith ar bhonn tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánach, atá ag teacht le treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i bhFiontraíocht Éireann don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí an dáta a rinneadh na ráitis airgeadais a fhaomhadh.

**Acmhainn chun Déileáil le Riosca**

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (ARC) ag Fiontraíocht Éireann, a chuimsíonn triúr chomhalta Boird a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu, agus gurb é an Cathaoirleach duine acu. Tháinig an ARC le chéile ceithre huaire i 2017.

Tá aonad iniúchóireachta inmheánaí seanbhunaithe ag Fiontraíocht Éireann a bhfuil acmhainní dóthanacha aige, agus a chuireann clár oibre atá comhaontaithe leis an ARC i gcrích.

Tá polasaí bainistíochta riosca forbartha ag ARC a leagan amach an méid riosca a ghlacann sé leis, an próiseas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a thugann mionsonraí faoi róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an polasaí seo don fhoireann ar fad, ag súil leis go n-oibreoidh siad agus iad ag cloí le polasaithe bainistíochta riosca Fhiontraíocht Éireann, agus go gcuirfidh siad an bhainistíocht ar an eolas maidir le haon riosca nua nó aon laige rialaithe atá ag teacht chun cinn, agus freagracht a ghlacadh as aon rioscaí nó rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

**Creat Riosca agus Rialaithe**

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Fiontraíocht Éireann a aithníonn agus a thugann tuairisc ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ghlacadh chun déileáil leo agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí ann a aithníonn na príomhrioscaí ar gá d'Fhiontraíocht Éireann aghaidh a thabhairt orthu agus rinneadh na rioscaí seo a aithint, a mheasúnú agus a rangú de réir a dtábhacht. Déanann an ARC an clár a athbhreithniú agus a thabhairt suas chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear na measúnaithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh le cinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go dtí leibhéal atá inghlactha.

Tugann an clár rioscaí mionsonraí faoi na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí agus freagrachtaí a mhaolú agus faoin bhfreagracht maidir le hoibríocht rialaithe a leagtar ar bhaill foirne ar leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe leis na gnéithe seo a leanas ann i bhfeidhm:

- rinneadh nósanna imeachta do gach phríomhphróiseas gnó a thaifead,
- rinneadh freagrachtaí airgeadais a leagan síos ar leibhéal na bainistíochta ar aon dul le cuntasacht,
- tá córas buiséadaithe le buiséad bliantúil i bhfeidhm a dhéanann an ardbhainistíocht athbhreithniú air,
- tá córais ann a bhfuil mar aidhm acu slándáil na gcóras faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt do shócmhainní
- coinníonn nósanna imeachta rialaithe maidir le deontais do ghníomhaireachtaí eachtracha a mhaoiniú smacht dóthanach ar fhormheas deontas agus ar athbhreithniú a dhéanamh ar dheontaí chun a chinntiú go bhfuil an deontas maoinithe á chur i bhfeidhm chun na críche atá beartaithe.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta do phróisis rialaithe mhonatóireachta agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíochtaí ceartathaigh a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord, más cuí sin, ar bhonn tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh príomhrioscaí agus rialaithe bainteacha a aithint agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialuithe sin agus aon easnamh aitheanta a thuairisc,
- rinneadh socruithe tuairiscithe a bhunú ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht do bhainistíocht airgeadais leagtha síos, agus
- déanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thráthrialta agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhfhháisnéis.

**Soláthar**

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Fiontraíocht Éireann chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte soláthair reatha a chinntiú. Déantar aird a tharraingt ar cheisteanna a thagann anuas maidir le rialú soláthair sna ceisteanna rialaithe inmheánaí thíos.

**Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht**

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag Fiontraíocht Éireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Le monatóireacht agus athbhreithniú éifeachtúlacht chóras rialaithe inmheánach Fhiontraíocht Éireann, cuirtear san áireamh obair na n-iniúchóirí inmheánacha, an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca a mhaoirsíonn a gcuid oibre, obair na n-iniúchóirí eachtracha agus na hardbhainistíochta laistigh d'Fhiontraíocht Éireann atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais inmheánaí.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaí do 2017.

**Ceisteanna maidir le Rialú Inmheánach**

**Soláthar Neamh-Chomhlíontach**

I rith 2017, rinneadh caiteachas €791,907 a thabhadh d'earraí agus seirbhísí ceithre sholáthraí áit nár chloí na nósanna imeachta a leanadh leis na treoirlínte maidir le soláthar. I ngach ceann den cheithre chás seo, is tar-rolladh de chonarthaí a bhí ann cheana a bhí ag feitheamh le tairiscintí nua a ba chúis leis seo; tá trí cinn de na cásanna críochnaithe anois agus tá conarthaí nua eisithe dóibh. Tá comórtas tairisceana ar an leibhéal Náisiúnta ar siúl faoi láthair sa cheathrú cás.



Terence O'Rourke, Cathaoirleach
25 Meitheamh 2018

## Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe
### don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

| | Nótaí | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais - an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta | 2 | 271,811 | 276,485 |
| Cistiú ó Ranna Rialtais eile | 3 | 9,834 | 8,758 |
| Acmhainní Féin | 4 | 10,027 | 8,649 |
| Cistiú na nGlansochair Scoir Iarchurtha | 8(d) | 19,656 | 17,644 |
| **Brabús ar dhiúscairt/aistriú Shócmhainní Seasta** | 11 | 38,554 | 26,107 |
| IONCAM IOMLÁN | | 349,882 | 337,643 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tacaíocht Airgeadais do Thionscal | 5 | 203,276 | 198,247 |
| Íocaíocht amach do Ghníomhaireachtaí Stáit Eile maidir le Tacaíochta Airgeadais do Thionscal | 6 | 685 | - |
| Riarachán, Oibriúchán agus Cur Chun Cinn | 7 | 80,673 | 77,385 |
| Costais Sochair Scoir | 8(c) | 22,089 | 19,746 |
| Gluaiseacht i Luach Shócmhainní Seasta | 9 | 27,284 | (4,929) |
| Laghdú i Luach Iasachtaí Lamháltais d'Eintitis Leasa Phoiblí | 10 | 445 | 169 |
| CAITEACHAS IOMLÁN | | 334,452 | 290,618 |
| **Barrachas roimh Leithghabhálacha** | | 15,430 | 47,025 |
| **Leithghabhálacha** | | | |
| Ranníocaíocht ón Státchiste | 12 | 1,104 | 51 |
| Aistriú go dtí an Cuntas Caipitil | 13 | (24,139) | (53,456) |
| Aistriú go dtí an Cuntas Réamhíocaíochtaí Stáit | 14 | 3,983 | 4,059 |
| **Barrachas/(Easnamh) tar éis Leithghabhálacha** | | (3,622) | (2,321) |
| **An t-Iarmhéid tugtha ar aghaidh at Tús na Bliana** | | 6,327 | 8,648 |
| **An t-Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ag Deireadh na Bliana** | | 2,705 | 6,327 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo na Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 24.

Thar ceann Bhord Fhiontraíocht Éireann:

Terence O'Rourke,
Cathaoirleach
25 Meitheamh 2018

Julie Sinnamon,
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# **Ráiteas faoin Ioncam Cuimsitheach** don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

| | 2017<br>€’000 | 2016<br>€‘000 |
|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) tar éis Leithghabhálacha | (3,622) | (2,321) |
| Gnóthas/(caillteanas) taithí ar dhliteanais na scéime Sochair Scoir | (15,210) | 3,557 |
| Athrú sna foshuíomhanna atá ann faoi láthair luach na ndliteanas sochair scoir | 54 | (74,181) |
| Caillteanas Achtúireach Iomlán sa bhliain | (15,156) | (70,624) |
| Claochlú de bharr Chistiú Sochair Scoir iarchurtha | 15,156 | 70,624 |
| **Ioncam Cuimsitheach iomlán don bhliain** | (3,622) | (2,321) |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo na Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 24.

Thar ceann Bhord Fhiontraíocht Éireann:

Terence O’Rourke,
Cathaoirleach
25 Meitheamh 2018

Julie Sinnamon,
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# **Ráiteas ar Staid an Airgeadais** ar an 31 Nollaig 2017

| | Nótaí | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | 16 | 1,257 | 1,529 |
| Airgeadas | 17 | 436,903 | 412,492 |
| Sócmhainní Seasta Iomlána | | 438,160 | 414,021 |
| **Iasachtaí Lamháltais d'Eintitis Leasa Phoiblí** | 18 | 11,664 | 12,188 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 19 | 4,046 | 4,876 |
| Airgead tirim agus Coibhéis Airgid Tirim | | 8,321 | 10,863 |
| | | 12,367 | 15,739 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Suimeanna Iníoctha (Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | 20 | 9,662 | 9,412 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 2,705 | 6,327 |
| **Oibleagáidí Sochair Scoir** | 8(e) | (448,144) | (413,332) |
| **Sócmhainn Chistiú Iarchurtha** | 8(e) | 448,144 | 413,332 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | 452,529 | 432,536 |
| **A Fhreagraíonn don** | | | |
| Chuntas Caipitil | 13 | 438,160 | 414,021 |
| Cuntas Réamhíocaíochtaí Stáit | 14 | 11,664 | 12,188 |
| Cúlchistí Coinnithe | | 2,705 | 6,327 |
| | | 452,529 | 432,536 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo na Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 24.

Thar ceann Bhord Fhiontraíocht Éireann:

Terence O'Rourke,
Cathaoirleach
25 Meitheamh 2018

Julie Sinnamon,
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

## **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Farasbarr ioncaim thar Chaiteachas | 15,430 | 47,025 |
| Claochlaithe do | | |
| Ús Bainc faighte | – | (2) |
| Dhíbhinní Infhálta | (4,508) | (2,671) |
| Laghdú i Luach Shócmhainní Seasta | 27,284 | (4,929) |
| (Brabús)/Caillteanas ar Dhiúscairt Réadmhaoine, Ghléasra agus Threalaimh | (7) | (219) |
| Brabús ar Dhiúscairt Shócmhainní Seasta Airgeadais | (38,547) | (25,888) |
| Laghdú i Luach Shócmhainní Dreasachta Airgeadais | 445 | 169 |
| (Méadú)/Laghdú sna hInfháltais gan Díbhinní san áireamh | 1,033 | (323) |
| Méadú/(Laghdú) i Suimeanna Infhaighte gan Ranníocaíochtaí don Státchiste san áireamh | 1,545 | 1,751 |
| Ranníocaíocht do/(ón) Státchiste | (191) | (426) |
| Tionchar athraithe sa ráta malairte eachtraí | 177 | (1) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | 2,661 | 14,486 |
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a cheannach | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | (189) | (355) |
| Airgeadas: | | |
| Infheistíocht i Scaireanna | (36,863) | (31,475) |
| Ciste Caipiteal Síl agus Fiontair | (52,201) | (53,982) |
| Fáltais ó dhiúscairt Shócmhainní Seasta | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | 7 | 239 |
| Airgeadas: | | |
| Infheistíochtaí i Scaireanna | 22,316 | 26,279 |
| Ciste Caipiteal Síl agus Fiontair | 54,061 | 36,874 |
| Fáltais ó iasachtaí Lamháltais d'Eintitis Leasa Phoiblí | 3,538 | 3,890 |
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | (9,331) | (18,530) |
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | |
| Ús Bainc faighte | - | 2 |
| Díbhinní faighte | 4,305 | 2,187 |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | 4,305 | 2,189 |
| **Glanlaghdú in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim** | (2,365) | (1,855) |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim ag tús na bliana | 10,863 | 12,717 |
| Tionchar athraithe sa ráta malairte eachtraí | (177) | 1 |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgead Tirim ag deireadh na bliana** | 8,321 | 10,863 |

## 1 Polasaithe Cuntasaíocht Suntasacha

Leagtar amach thíos an bonn cuntasaíochta agus na polasaithe cuntasaíochta suntasacha glactha ag Fiontraíocht Éireann. Cuireadh i bhfeidhm go seasmhach iad i rith na bliana agus sa bhliain roimhe sin.

### (a) Eolas ginearálta

Bunaíodh Fiontraíocht Éireann faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998. Tá ceannoifig Fhiontraíocht Éireann suite i bPáirc Ghnó an Phointe Thoir, Baile Átha Cliath 3. Is Eintiteas Leasa Phoiblí (ELP) í. Soláthraíonn eintiteas leasa Phoiblí earraí agus seirbhísí don phobal go ginearálta, ar son leasa an phobail nó an tsochaí agus, nuair a chuirtear aon chaipiteal gnáthscaireanna ar fáil, is ar son phríomhchuspóirí an eintitis a thacú atá siad seachas brabach a ghnóthú do sholáthraithe caipitil gnáthscaireanna, do scairshealbhóirí nó do chomhaltaí.

Is é príomhchuspóir Fhiontraíocht Éireann mar atá leagtha amach i gCuid II Alt 7(1) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998, ná:

- tionscal agus fiontar a fhorbairt sa Stát
- margaíocht earraí agus tionscail sheirbhíse a chur chun cinn, cúnamh a thabhairt dóibh agus iad a fhorbairt
- measúnú agus foirmliú straitéise fiontar a chur chun cinn
- bonn teicneolaíochta agus cumas fiontar nuáil agus taighde, forbairt agus dearadh a dhéanamh a fhorbairt
- bonn scileanna i dtionscail a threisiú
- infheistíochtaí a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí tionscail a chomhlíonann riachtanas na n-achtachán atá i bhfeidhm faoi láthair
- riarachán scéimeanna, deontais agus áiseanna airgeadais eile a bhfuil íocaíocht amach de mhaoiniú Aontas Eorpach agus de chistí eile a údaraíonn an tAire le toiliú an Aire Airgeadais ag teastáil uathu

Cé go n-infheistíonn Fiontraíocht Éireann caipiteal gnáthscaireanna i gcuideachtaí, ní hé gnóthas brabaigh ar an infheistíocht an t-aon chúis a ndéantar an infheistíocht sin agus úsáidtear aon bhrabach a ghnóthaítear chun príomhchuspóir Fhiontraíocht Éireann a chistiú.

### (b) Ráiteas Comhlíontachta agus Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, modhnaithe chun nithe ar leith ag luach cóir a chur san áireamh, i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (CTA 102) a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais agus sa bhfoirm a ghlacann an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta leis le toiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998.

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe atá ag ráitis airgeadais Fhiontraíocht Éireann. Glactar gurb é an euro airgeadra feidhmíochta Fhiontraíocht Éireann toisc gurb é sin an t-airgeadra sa phríomhtimpeallacht eacnamaíoch ina fheidhmíonn an ghníomhaireacht.

### (C) Ioncam

Déantar ioncam a chur san áireamh ar bhonn fabhraithe seachas díobh seo a leanas:

#### *Deontais ón Oireachtas*

Aithnítear deontais ón Oireachtas ar bhonn fáltais airgid.

#### *Ioncam Roinnte*

Aithnítear Ioncam Díbhinne nuair a bhunaítear an ceart íocaíocht a fháil, agus nuair is dócha go bhfaighfear an t-ioncam agus gur féidir an méid a thomhas go beacht. Nuair a bhíonn Fiontraíocht Éireann ag eisiúint sonraisc dhíbhinne, ní fios an bhfuil cúlchistí indáilte dóthanacha ag an gcuideachta Infheistiúcháin agus mar sin ní féidir a mhaíomh go bhfuil an ceart íocaíocht a fháil bunaithe. Mar sin, aithníonn Fiontraíocht Éireann ioncam a fuarthas sa bhliain airgeadais chuí nó a sonrascaítear sa bhliain airgeadais chuí agus a fhaightear sa chéad ráithe den bhliain ina dhiaidh sin.

#### *Aisíocaíochtaí tacaíochta airgeadais atá iníoctha*

Bíonn Tacaíochtaí Airgeadais do Thionscal iníoctha má tharlaíonn cúinsí áirithe, ar nós leachtaithe/díscaoilte mar atá leagtha amach sa litir tairisceana. Déantar aisíocaíochtaí tacaíochta airgeadais atá iníoctha a aithint ar bhonn fáltais airgid.

### (d) Tacaíochtaí Airgeadais do Thionscal

Déantar dliteanas a aithint sna Ráitis Airgeadais chomh luath agus a chomhlíontar na critéir sainmhínithe agus aitheanta, nuair nach féidir le Fiontraíocht Éireann tarraingt siar go réadúil de bharr nádúr na hoibleagáide agus nuair atá na coinníollacha sonraithe ar fad comhlíonta ag an deontaí.

### (e) Tacaíocht Airgeadais do Thionscal atá Iníoctha - Iasachtaí Lamháltais d'Eintitis Leasa Phoiblí

Déantar deontais atá iníoctha a aicmiú mar iasachtaí lamháltais d'eintitis leasa phoiblí, sé sin iasachtaí a dheontar chun críche cuspóirí an eintitis leasa phoiblí a chur chun cinn, agus níl siad seo iníoctha ach é a iarradh agus déantar iad a dheonú ag ráta níos ísle ná an ráta margaidh atá i réim nó gan ús ar bith.

Déantar deontais iníoctha a aithint i dtús báire sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais ag an méid íoctha, agus ina dhiaidh sin déantar an suim ghlanluacha a chlaochlú chun aon ús fabhraithe iníoctha nó infhaighte a léiriú. Déantar deontais iníoctha a athbhreithniú go bliantúil le haghaidh tásca bearnúcháin agus déantar aon chaillteanas bearnúcháin a aithint sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Culchistí Coinnithe.

Is iad seo a leanas na tacaíochtaí airgeadais atá iníoctha le tionscal:

***Taighde & Forbairt agus Tacaíocht Airgeadais Chaipitil***

Tá foráil inaisíoctha ag comhaontuithe Taighde & Forbartha agus Tacaíochta Airgeadais Chaipitil áirithe chun gur féidir cuid den tacaíocht airgeadais a fháil ar ais.

***Deontais Inaisíoctha eisithe ag Boird Fiontar Contae agus Cathrach agus Oifigí Fiontar Áitiúil***

Rinne an tAcht um Boird Fiontar Contae (Díscaoileadh) 2014 foráil do dhíscaoileadh na mBord Fiontar Contae agus Cathrach (BFCanna) agus aistriú a bhfeidhmiú agus a sócmhainní agus dliteanais chuig Fiontraíocht Éireann ar an 14 Aibreán 2014. Ón 14 Aibreán 2014 ar aghaidh, déantar feidhmeanna na BFCanna a thabhairt faoi shocrú oibriúcháin trí na húdaráis áitiúla tar éis bhunú líonra Oifigí Fiontar Áitiúla (OFAnna).

Tá foráil inaisíoctha chun gur féidir cuid den tacaíocht airgeadais a fháil ar ais ag deontais Bheart 1 eisithe ag BFCanna agus eisithe anois ag na OFAnna. Is sócmhainní de chuid Fiontraíocht Éireann na deontais in-aisghabhála seo agus sa cháil sin léirítear iad ar Ráiteas ar Staid an Airgeadais na gníomhaireachta.

Léirítear an méid in-aisghabhála maidir le tacaíocht airgeadais inaisíoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais mar Iasachtaí Lamháltais d'Eintitis Leasa Phoiblí agus cuirtear san áireamh an maoiniú bainteach sa Chuntas Réamhíocaíochtaí Stáit.

### (f) An Cuntas Réamhíocaíochtaí Stáit

Freagraíonn an Cuntas Réamhíocaíochtaí Stáit d'airgead a réamhíoctar le Fiontraíocht Éireann agus cuideachtaí cliaint BFC agus OFA trí bhíthin tacaíocht airgeadais inaisíoctha rangaithe mar iasachtaí lamháltais d'eintitis leasa phoiblí.

### (g) Infheistíochtaí

***Infheistíochtaí Luaite***

Déantar infheistíochtaí a luaitear ar stocmhalartán aitheanta a thomhas ag a luach cóir agus déantar gluaiseachtaí a thaifead tríd an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe.

***Infheistíochtaí Eile***

Déantar infheistíochtaí eile a thomhas ag costas lúide bearnúchán ós rud é nach féidir a luach cóir a thomhas go beacht.

***Díscríobh Infheistíochtaí***

Áit a bhfuil measúnú na bainistíochta de luach na hinfheistíochtaí nialasach, de bharr dócmhainneachta nó eile, déantar na hinfheistíochtaí sin a dhíscríobh.

***Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair***

Déantar réamhíocaíochtaí do na cistí seo a thomhas ag a luach cóir agus déantar gnóthais agus caillteanais a thaifead ag an luach cóir tríd an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe bunaithe ar luachálacha na Bainisteoirí Cistí ag baint úsáide as na cuntais iniúchta nó bainistíochta is déanaí atá ar fáil. Tá na treoirlínte a leanann na Bainisteoirí Cistí chun na luachálacha a bhaint amach i gcomhréir le prionsabail luachála na gCumann Caipiteal Fiontair Eorpacha agus Éireannacha.

***Gnóthachain agus Caillteanais***

Déantar gnóthachain agus caillteanais réadaithe d'athruithe i luach infheistíochtaí a aithint sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe.

***Comhdhlúthú***

Ní fhreagraíonn na ráitis airgeadais do chomhdhlúthú de thorthaí chuideachtaí infheistiúcháin. Is í tuairim Fiontraíocht Éireann go gcruthódh a leithéid de chomhdhlúthú míthuiscint, ag féachaint do nádúr éagsúil ghnó na gcuideachtaí atá bainteach leis agus don dualgas ginearálta atá aici ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíorcheart ar ghníomhaíochtaí a chuireann tionscal chun cinn.

### (h) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Déantar sócmhainní Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh a lua ag costas lúide dímheas carntha ag cur san áireamh aon fhoráil do bhearnúchán. Cuirtear ar fáil dímheas don réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar fad, seachas talamh ruílse agus saothar ealaíne, ag rátaí a ríomhtar chun an costas a dhíscríobh, lúide luach iarmharach measta gach sócmhainn de réir méid chothroim thar a saolré fhóinteach mheasta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| • Mótarfheithiclí | 20% in aghaidh na bliana |
| • Foirgnimh | 2% in aghaidh na bliana |
| • Athchóiriú Foirgnimh atá ann cheana | 20% in aghaidh na bliana |
| • Feabhsuithe ar Réadmhaoin Léasachta | 20% in aghaidh na bliana |
| • Daingneáin & Feisteas | 25% in aghaidh na bliana |
| • Ríomhairí | 33% in aghaidh na bliana |
| • Trealamh Teicniúil | 25% in aghaidh na bliana |
| • Talamh | 0% in aghaidh na bliana |
| • Saothar Ealaíne | 0% in aghaidh na bliana |

Freagraíonn an luach iarmharach don mhéid measta a bhféadfaí a fháil faoi láthair ó dhiúscairt shócmhainne, tar éis costas measta na diúscartha a bhaint, dá mbeadh an tsócmhainn ag aois agus sa riocht a bhítear ag súil leis cheana ag deireadh a saolré fhóinteach.

Déantar caiteachas ar shócmhainní le costas aonair faoin tairseach caipitlithe (€2,500) a lua sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe sa bhliain ina dhéantar é.

### (i) Bearnúchán Sócmhainní

Déantar sócmhainní, seachas iad siúd a thomhastar ag a luach cóir, a mheasúnú le haghaidh táscairí bearnúcháin ag deireadh na bliana. Má fhaightear fianaise oibiachtúil gur tharla bearnúchán, déantar foráil bhearnúcháin a aithint sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe sa bhliain.

### (j) Soláthar in aghaidh Fiach Amhrasach

***Féichiúnaithe Trádála***

Soláthraítear in aghaidh fiacha amhrasacha trí bhíthin fhoráil ar leith.

### (k) Sochair Scoir

Nuair a achtaíodh an tAcht um Fhorbairt Tionscail (Díscaoileadh Fhorfás) 2014 (Uimh 13 de 2014) ar an 16 Iúil 2014, rinne sé foráil do dhíscaoileadh Fhorfás agus do bhunú Fhionraíocht Éireann mar fhostaí dleathach ar leith (roimhe sin fuair Fiontraíocht Éireann foireann ar iasacht ó Fhorfás). De réir na reachtaíochta:

(i) Bhunaigh Fiontraíocht Éireann a scéim Sochair Scoir féin (arna chistiú ar bhonn íoc mar a thuilltear ó airgead a chuir an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ar fáil). Chuaigh foireann ó Fhiontraíocht Éireann a bhí ina mbaill de scéim Sochair Scoir Fhorfás isteach i scéim Sochair Scoir Fhiontraíocht Éireann ar théarmaí aoisliúntais a bhí chomh tairbheach leo siúd a bhí acu faoi Scéim Fhorfás go díreach roimh dháta an aistrithe.

(ii) Tá Fiontraíocht Éireann freagrach as costais Sochair Scoir bhall foirne a théann ar scor tar éis an 31 Iúil 2014.

(iii) Glacann an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta freagracht as scéimeanna Sochair Scoir Forfás atá ann cheana, as pinsinéirí Fhiontraíocht Éireann agus as iarfhoireann a bhfuil sochair choinnithe acu.

Feidhmíonn Fiontraíocht Éireann an Scéim Sochair Scoir do Sheirbhísí Poiblí Aonair (an Scéim Aonair), scéim sochair sainithe d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí atá in aois an phinsin ar nó tar éis 1 Eanáir 2013.  Déantar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair a aistriú chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Freagraíonn costais Sochair Scoir do na sochair scoir a ghnóthaigh fostaithe agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí sochair scoir atá á tharchur chuig an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Déantar méid a fhreagraíonn don mhuirear sochair scoir a aithint mar ioncam sa mhéid is go féidir é a aisghabháil, agus is féidir é seo a fhritháireamh in aghaidh dheontas a fuarthas i rith na bliana chun íocaíochtaí sochair scoir a chomhlíonadh.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfheagrach sa mhéid is féidir a aisghabháil ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Freagraíonn dliteanais Sochair Scoir do luach reatha na n-íocaíochtaí sochair scoir don todhchaí tuillte ag an fhoireann go dtí seo. Freagraíonn cistiú sochair scoir iarchurtha don tsócmhainn chomhfhreagrach a aisghabhálfar i dtréimhse sa todhchaí ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Déantar dliteanais ó scéim Sochair Scoir a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

### (l) Léasanna

***Léasanna oibriúcháin***

*Mar léasóir*

Rangaítear mar léasanna oibriúcháin léasanna ina gcoinníonn Fiontraíocht Éireann na rioscaí agus na sochair úinéireachta ar fad a bheag nó a mhór tar éis an chomhaontaithe léasa. Taifeadtar suim ghlanluacha na sócmhainní léasaithe sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais agus tugtar cuntas air i gcomhréir leis an bpolasaí cuntasaíochta do Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh. Aithnítear ioncam cíosa de réir méid chothroim sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe.

*Mar léasaí*

Déantar caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin a mhuirearú don Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe ar bhonn méid chothroim thar tréimhse an léasa seachas má bhíonn méaduithe cíosa ann a bhaineann le boilsciú ginearálta ionchais, agus sa chás seo aithnítear na méaduithe seo nuair a thabhtar iad.

### (m) Airgeadra Eachtrach

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadra eachtrach a aistriú ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dá an Ráitis ar Staid an Airgeadais. Déantar idirbhearta in airgeadra eachtrach a aistriú ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart bunaidh. Pléitear leis na brabúis agus na caillteanais a thagann dá bharr sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe.

**(n) Breithiúnais chuntasaíochta criticiúla agus príomhfhoinsí an amhrais maidir le meastacháin**

Éilíonn ullmhúchán na Ráiteas Airgeadais go ndéanfadh an bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais ag an dáta tuairiscithe agus ar na méideanna a thuairiscítear maidir le hioncam agus caiteachas i rith na bliana. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin sin.

Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna a aithnítear sna Ráitis Airgeadais.

***Sócmhainní Seasta Airgeadais Neamhthrádáilte - Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair***

Cinntear luach na Sócmhainní Seasta Airgeadais (Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair) nach bhfuil á thrádáil i margaí gníomhacha trí theicnící luachála a úsáid atá curtha i bhfeidhm ag na Bainisteoirí Cistí a dhéanann breithiúnas maidir le héagsúlacht modhanna a roghnú agus meastacháin bunaithe ar shonraí inbhraite agus na coinníollacha atá i bhfeidhm ag gach dáta tuairiscithe. Tá na treoirlínte a leanann na Bainisteoirí Cistí chun na luachálacha a bhaint amach i gcomhréir le prionsabail luachála na gCumann Caipiteal Fiontair Eorpacha agus Éireannacha.

***Oibleagáid Sochair Scoir***

Déantar na foshuíomhanna atá mar bhun ag na luachálacha achtúireacha agus trína chinntear na méideanna a aithnítear sna Ráitis Airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí báis) a thabhairt suas chun dáta gach bliain bunaithe ar na cúinsí eacnamaíocha reatha, agus d'aon athrú ábhartha do théarmaí na sochar scoir agus na bpleananna iar-scoir.

D'fhéadfadh na foshuíomhanna athrú de bharr:

(i) an ráta lascaine, athraithe sa ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ard-leibhéil

(ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, agus athraithe i gcúinsí mhargadh an tsaothair

***Bearnúchán Sócmhainní***

*- Infheistíochtaí Eile*

Déantar infheistíochtaí eile a thomhas ag costas lúide bearnúchán ag dáta na tuairiscithe. Tá na táscairí bearnúcháin bunaithe ar phróiseas athbhreithnithe ag baint úsáide as cuntais iniúchta nó bainistíochta is déanaí na gcuideachtaí infheistiúcháin nó as eolas gnó ábhartha eile. Má tá fianaise de bhearnúchán ann, déantar foráil bhearnúcháin a aithint sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe don bhliain. Áit a bhfuil fianaise ann nach mbaineann an fhoráil bhearnúcháin a bhí ann roimhe seo le hábhar, déantar na forálacha sin a aisiompú.

*- Iasachtaí Lamháltais d'Eintitis Leasa Phoiblí*

Aicmítear deontais inaisíoctha mar Iasachtaí Lamháltais d'Eintitis Leasa Phoiblí (ELP) . Déantar iasachtaí Lamháltais ELP a athbhreithniú gach bliain do tháscairí bearnúcháin bunaithe ar stair aisíoctha an deontaí agus tuairim na bainistíochta maidir le hinbhailitheacht an fhiachais. Aithnítear foráil ar leith sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe áit a bhfuiltear in amhras faoi aisíoc an fhiachais.

## 2 Deontais ón Oireachtas - an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (Vótáil 32)

(a) De réir Ailt 11 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993, arna leasú ag alt 4(a) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 2009, níor chóir don mhéid comhiomlán deontas a bhronnann an tAire d'Fhiontraíocht Éireann, ÚFT Éireann agus d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann len iad a chumasú chun a gcuid oibleagáidí agus dliteanas Caipitil a chomhlíonadh, níor chóir dó bheith níos mó ná €7 mbilliún. Ar an 31 Nollaig 2017, ba é an méid comhiomlán a cuireadh ar fáil don trí ghníomhaireacht sin ná €6.223 billiún (2016 - €5.877 billiún) agus de seo fuair Fiontraíocht Éireann agus an t-iar-Forbairt €1.4 billiún (2016 - €1.361 billiún).

(b) De réir Ailt 14(3) den Acht um Fhorbairt Tionscail 1986, níorbh chóir don mhéid comhiomlán deontas a rinne an tAire d'Fhiontraíocht Éireann, ÚFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun go bhféadfaidís a gcuid oibleagáidí agus dliteanais a chomhlíonadh maidir le prionsabal agus ús ar bhonn Ráthaíochtaí Iasachta faoin Acht agus faoi Alt 37 den Acht um Fhorbairt Tionscail 1969, Ailt 2 agus 3 den Acht um Fhorbairt Tionscail 1977, níorbh chóir dó dul os cionn €159m. Ar an 31 Nollaig 2017 ba é an méid comhiomlán a cuireadh ar fáil ná €13.547m (2016 - €13.547m), agus é seo ar fad bainteach le cliaint Fhiontraíocht Éireann.

(c) Luaitear an deontas €73.560m do chaiteachas ar Chur Chun Cinn agus Riarachán glan ó ranníocaíochtaí sochair scoir fostaithe de €2.129m arna tharchur chuig an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (maidir le scéim sochair scoir fhoireann Fhiontraíocht Éireann) agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (maidir leis an scéim sochair scoir seirbhíse aonair).

Is iad seo a leanas na Deontais ón Oireachtas d'Fhiontraíocht Éireann a vótáil an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta mar atá léirithe sna ráitis airgeadais:

| | Nótaí | Fotheideal | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|
| Deontas le haghaidh Tacaíocht Airgeadais do Thionscal | | A7.2 | 38,725 | 55,155 |
| Deontas le haghaidh Oifigí Fiontair Áitiúla | 5(b) | A8 | 32,577 | 28,837 |
| Deontas le haghaidh Dul Chun Cinn agus Caiteachais Riaracháin | 2(c) | A7.1 | 73,560 | 70,054 |
| Deontas le haghaidh Trealamh Caipitil | | A7.3 | 700 | 700 |
| Clár Forbartha Eolaíochta & Teicneolaíochta | | B4.1 | 126,249 | 121,739 |
| | | | 271,811 | 276,485 |

**3 Cistiú ó Ranna Rialtais eile**

| | Nótaí | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| Ciste Infheistíochta do Mhairteoil agus Caoireoil- (an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara) Vóta 30 Fotheideal C4 | 5(a) | 2,466 | 820 |
| Ciste um Iomaíochas Bia - (an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara) Vóta 30 Fotheideal C4 | 3(a) | 1,950 | 1,992 |
| An Ciste Oiliúna Náisiúnta- (an Roinn Oideachais agus Scileanna) Vóta 28 | | 3,500 | 3,500 |
| Tionscadail an Chomhchoimisiún Eacnamaíochta - (an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála) Vóta 28 Fotheideal C3 | | 73 | 65 |
| An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú - (an Roinn Oideachais agus Scileanna) Vóta 26 Fotheideal B4 | 3(b) | - | 38 |
| An tIonad Idirnáisiúnta um Thaighde ar Fhuinneamh - (an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil) Vóta 29 Fotheideal C5 | 3(c) | - | 631 |
| An Scéim OFA um Dhearbhán Trádála ar Líne - (an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil) Vóta 29 Fotheideal A5 | | 1,845 | 1,712 |
| | | 9,834 | 8,758 |

(a) **An Ciste um Iomaíochas Bia**

D'fhormheas an Rialtas an Ciste um Iomaíochas Bia i 2009 le go bhféadfadh an tionscal bia tacú le tionscnaimh, lena n-áirítear déantúsaíocht Lean, le Taighde & Forbairt agus le Tionscnaimh Mhargaíochta. Cuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara cistiú ar fáil.

(b) **An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (EGF)**

Is é cuspóir an Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú oibreoirí a thacú, ach go háirithe i réigiúin agus in earnálacha a atá faoi mhíbhuntáiste de bharr an gheilleagair dhomhandaithe. Bhain na cistí EGF a fuarthas i 2016 le Lufthansa Technik agus Anderson Ireland agus rinneadh iad a íocadh amach chuig na hOifigí Fiontair Áitiúla cuí. Chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna cistiú ar fáil.

(c) **Tionscadal IERC**

Is ionad teicneolaíochta nuálaíoch agus taighde tionscail comhoibríoch é an tIonad Idirnáisiúnta um Thaighde ar Fhuinneamh (IERC), agus tá sé suite i spás ina bhfuil córas fuinnimh inmharthana comhtháite ann. In Aibreán 2010, d'fhógair an Rialtas go mbunófar an t-ionad le hinfheistíocht phoiblí de €20m, comh-mhaoinithe ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil.

## 4 Acmhainní Féin

| | Nótaí | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| Díbhinní | | 4,508 | 2,671 |
| Aisíocaíochtaí Tacaíochta Airgeadais | | 963 | 2,638 |
| Ioncam ó Tháillí | 4(a) | 3,074 | 2,157 |
| Ioncam Cíosa - Foligean Oifigí | | 458 | 395 |
| Ioncam Eile | 4(b) | 1,024 | 788 |
| | | 10,027 | 8,649 |

I gcomhréir le polasaí cuntasaíochta Fhiontraíocht Éireann, aithnítear ioncam ó dhíbhinní chomh luath is a bhunaítear an ceart chun íocaíocht a fháil, nó gur dócha go bhfaightear í agus gur féidir an méid a thomhas go beacht. Cuireadh in iúl d'Fhiontraíocht Éireann i 2017 gur leachtaíodh/díscaoileadh 40 (2016 - 21) cuideachta a raibh Díbhinní gan íoc acu de €1.124m (2016 - €0.835m). Mar thoradh ar seo, níl an méid seo inbhailithe.

I gcomhréir le polasaí cuntasaíochta Fhiontraíocht Éireann, aithnítear ioncam Aisíoc Tacaíochta Airgeadais nuair is dócha go bhfaighfear an t-airgead agus gur féidir an méid a thomhas go beacht. Bíonn Tacaíochtaí Airgeadais inaisíoctha má tharlaíonn cúinsí áirithe, mar a leagtar amach sa litir tairisceana, ar nós leachtaithe/dhíscaoilte. I rith 2017, fuarthas Aisíocaíochtaí Tacaíochta Airgeadais de €0.963m (2016 - €2.638m). Cuireadh in iúl d'Fhiontraíocht Éireann i 2017 gur leachtaíodh/díscaoileadh 4 (2016 - 11) chuideachta a raibh Tacaíocht Airgeadais inaisíoctha de €0.760m (2016 - €5.008m). Mar thoradh ar seo, níl an méid seo inbhailithe.

### a) Ioncam ó Tháillí

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Seirbhísí Proifisiúnta | 953 | 403 |
| Ioncam ó Thionscadal Mhargaidh | 2,121 | 1,754 |
| | 3,074 | 2,157 |

### b) Ioncam Eile

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Ús ó Thaiscí Bainc | - | 2 |
| Ranníocaíocht Eagraíochtaí Eile do na Forchostais Lárnacha | 168 | 164 |
| Ranníocaíocht d'Oideachas in Éirinn | 653 | 386 |
| Micreamhaoiniú Éireann OFA | 4 | 5 |
| Eile | 199 | 231 |
| | 1,024 | 788 |

I rith 2017, rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna ranníocaíocht d'Oideachas in Éirinn de €0.460m (2016 - €0.190m) agus rinne institiúidí tríú leibhéil ranníocaíochtaí de €0.193m (2016 - €0.196m). Is é 'Education in Ireland' an bratbhranda chun na hearnála oideachais ardleibhéil agus Teagaisc Bhéarla a chur chun cinn go hidirnáisiúnta.  Is é an branda seo ceann de na tiomantais sa Chlár Rialtais Náisiúnta 2011-2016.

**5 Tacaíocht Airgeadais do Thionscal**

| | Nótaí | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **(i) Forbairt Chuideachtaí** | | | |
| Fostaíocht | | 13,039 | 13,886 |
| An Ciste Infheistíochta do Mhairteoil agus Caoireoil | 5(a) | 2,466 | 820 |
| Tacaíocht do Shócmhainní Seasta | | 16,893 | 15,893 |
| Infreastruchtúr Teicneolaíochta | | 489 | 874 |
| Margaíocht & Tacaíocht Aistrithe Eolais | | 16,933 | 14,061 |
| Féidearthacht | | 2,320 | 3,057 |
| Forbairt Bhainistíochta & Oiliúint | | 7,458 | 7,238 |
| Deontais Chomhairliúcháin | | 801 | 1,014 |
| Ionaid Fiontar Phobail | | 705 | 289 |
| Tionscnamh Fiontar Pobail | | 393 | 371 |
| An Ciste um Fhorbairt Fiontar Réigiúnaí | | 63 | - |
| | | 61,560 | 57,503 |
| **(ii) Tríú Páirtithe** | | | |
| Ionaid Nuálaíocht Ghnó | | 2,200 | 2,200 |
| Comhairle Deartha agus Ceardaíochta na hÉireann | | 2,919 | 3,019 |
| Oifigí Fiontar Áitiúla | 5(b) | 37,729 | 32,470 |
| | | 42,848 | 37,689 |
| **(iii) Forbairt Eolaíochta & Teicneolaíochta** | | | |
| Gníomhaíocht T&F i bhFiontar a Athrú ó Bhonn | 5(c) | 25,082 | 24,013 |
| Comhoibriú idir Tionscal agus an Earnáil 3ú Leibhéal | 5(d) | 48,075 | 49,255 |
| Poitéinsiúl Tráchtála Phobal Taighde a hÉireann a Fhíorú | 5(e) | 25,711 | 29,787 |
| | | 98,868 | 103,055 |
| **Le muirearú ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe** | | 203,276 | 198,247 |
| **Tacaíocht Airgeadais do Thionscal arna chaipitliú ar an Ráiteas ar Staid an Airgeadais** | | | |
| Infheistíocht i Scaireanna | 5(f)/17(c) | 36,863 | 31,475 |
| Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair | 17(a) | 52,201 | 53,982 |
| Iasachtaí Lamháltais d'Eintitis Leasa Phoiblí | 18 | 3,459 | 3,699 |
| **Tacaíocht Airgeadais Iomlán do Thionscal** | | 295,799 | 287,403 |

a) **An Ciste Infheistíochta do Mhairteoil agus Caoireoil**

I mí na Nollag 2008, sheol an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara an Ciste Infheistíochta do Mhairteoil agus Caoireoil arna riar ag Fiontraíocht Éireann. Is é cuspóir an chiste ná tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí caipitil a bhfuil mar aidhm acu úsáid níos fearr a bhaint as an acmhainn tionscail trí scála níos mó sa phróiseáil phríomhúil, breisluach méadaithe i dtuilleadh próiseála agus éifeachtúlachtaí feabhsaithe a bhaint amach, agus cuideachtaí Éireannacha a chumasú chun dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta.

b) **Oifigí Fiontar Áitiúla**

I rith 2007, d'údaraigh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta d'Fhiontraíocht Éireann na feidhmeanna a bhronn an tAcht um Fhorbairt Tionscail 1995 ar an Aire a chur i bhfeidhm maidir leis na Boird Fiontar Contae agus Cathrach (BFCanna), feidhm a bhí roimhe sin mar fhreagracht ag aonad pholasaí Mhicri-Fhiontar na Ranna Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Mar thoradh ar chinneadh Rialtais agus cur i bhfeidhm an Achta um Boird Fiontar Contae (Díscaoileadh) 2014, díscaoileadh na BFCanna ar an 14 Aibreán 2014 agus aistríodh a bhfeidhmeanna, sócmhainní agus dliteanais chuig Fiontraíocht Éireann. Bunaíodh Oifigí Fiontar Áitiúil (OFAnna) i ngach Údarás Áitiúil áit a thugann siad tacaíocht ó thaobh deontas agus fheidhmeanna forbartha acmhainní don earnáil mhicri-fhiontar thar ceann Fhiontraíocht Éireann. Bhunaigh Fiontraíocht Éireann ionad barr feabhais OFA chun feidhmeanna a chomhlíonadh atá comhaontuithe idir an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht agus Fiontraíocht Éireann. Is é ról an aonaid seo ná réimse tacaíochta a thabhairt do na OFAnna a fheabhsaíonn tionchar na OFAnna ar fhorbairt mhicri-fhiontar agus gnólachtaí beaga, ag cur lena n-éifeachtúlacht. Cuimsíonn an tacaíocht a thugtar tacaíocht straitéiseach, riaracháin, theicniúil agus airgeadais.

c) **Gníomhaíocht T&F i bhFiontar a Athrú ó Bhonn**

Cuimsíonn an ghníomhaíocht seo na fobhearta seo a leanas: Ciste T&F, a chuireann tacaíocht ar fáil do thaighde, forbairt agus nuálaíocht theicneolaíochta a bhaineann le gach céim d'fhorbairt chuideachtaí agus Bainistíocht Nuálaíochta, agus a thacaíonn le soláthar oiliúna agus comhairliúcháin do chuideachtaí i réimse an T&F agus i mbainistíocht na nuálaíochta.

d) **Comhoibriú idir Tionscal agus an Earnáil 3ú Leibhéal**

Cuimsíonn an ghníomhaíocht seo na fobhearta seo a leanas: Tairseacha Teicneolaíochta, a chuireann tacaíocht do líonraí taighde fheidhmeach ar fáil in Institiúidí Teicneolaíochta, dírithe ar scála dóthanach a chruthú chun gur féidir leo tionchar a bheith acu ar thionscal ina gceantair féin; Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta, a thacaíonn le comhthionscail T&F a bhfuil cuideachtaí agus coláistí páirteach iontu, áit a dhéantar formhór na taighde laistigh d'institiúid tríú leibhéal nó d'eagraíocht taighde phoiblí; Ionaid Theicneolaíochta, a thugann tacaíocht do bhunú agus cothabháil ionad a bhfuil mar aidhm acu caidreamh dlúth a fhorbairt le cuideachtaí ionas gur féidir leo eolas agus scileanna a aistriú faoi theicneolaíochtaí a bhfuil baint dhíreach acu leis an ngnó; International Collaboration, a chuireann tacaíocht ar fáil do ghníomhaíochtaí a bhaineann le Horizon 2020 san earnáil tríú leibhéal; Innovation Vouchers, a chumasaíonn rochtain do chuideachtaí ar sholáthróirí eolais i gcoláistí tríú leibhéal agus an clár New Frontiers, a chuireann oiliúint, tacaíocht agus meantóireacht ar fáil d'fhiontraithe ar mhian leo forbairt a ngnólachtaí nua a thapú.

e) **Poitéinseal Tráchtála Phobal Taighde na hÉireann a Fhíorú**

Cuimsíonn an ghníomhaíocht seo na fobhearta seo a leanas: Commercialisation Fund, a thugann tacaíocht do thaighdeoirí acadúla chun torthaí taighde a bhfuil poitéinseal tráchtála aige a bhrú ar aghaidh ionas gur féidir é a aistriú ina thionscal; Technology Transfer Strengthening, atá deartha tacaíocht a thabhairt do líonra foirne tiomnaithe laistigh d'fheidhm thráchtála institiúidí tríú leibhéal chun a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as torthaí taighde a bhfuil poitéinseal tráchtála acu; agus gorlanna, a thugann cúnamh airgid do thógáil agus bainistíocht ionad gorlainne atá bainteach le hOllscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta chun seachthairbhí teicneolaíochta agus comhoibriú struchtúrtha idir ghnólachtaí sa cheantar agus sa choláiste a spreagadh.

f) **Infheistíocht i Scaireanna**

Tagraíonn an infheistíocht i scaireanna do 319 gnóthas (2016 - 317).

## 6 Íocaíochtaí amach do Ghníomhaireachtaí Stáit eile

2017

| | Nótaí | Udárás na Gaeltachta €'000 | ÚFT Éireann €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ciste T&F | 5(c) | 535 | - | 535 |
| Ciste do Thús Iomaíoch | | 150 | - | 150 |
| | | 685 | | 685 |

2016

| | Nótaí | Udárás na Gaeltachta €'000 | ÚFT Éireann €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ciste T&F | 5(c) | - | - | - |
| | | - | - | - |

## 7 Riarachán, Oibriúchán agus Cur Chun Cinn

| | Nótaí | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| Luach Saothair agus Costais Phá Eile | 7(a) | 56,092 | 54,186 |
| Seirbhísí Leabharlanna agus Costais Eile Bainteach le Cliaint | | 60 | 53 |
| Cíosanna, Rátaí, Táillí Seirbhíse & Árachais | | 8,400 | 8,433 |
| Speansais Taistil | | 4,886 | 4,405 |
| Priontáil, Postas & Stáiseanóireacht | | 526 | 550 |
| Costais Chumarsáide & TF | | 3,296 | 2,966 |
| Táillí Deisiúcháin, Cothabhála & Léasaithe | | 610 | 721 |
| Solas, Teas & Glantachán | | 887 | 1,025 |
| Luach Saothair na gComhaltaí Boird (Luach Saothair an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin san áireamh) | | 343 | 317 |
| Táillí proifisiúnta | | 2,328 | 2,365 |
| Táille Iniúchóireachta | | 79 | 78 |
| Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh faoin Tairseach Caipitliú | 7(d) | 421 | 356 |
| Fógraíocht & Margaíocht | | 2,129 | 1,205 |
| Speansais Oibriúcháin Eile | | 616 | 725 |
| | | 80,673 | 77,385 |

a) **Luach Saothair agus Costais Phá Eile**

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Tuarastail** | | |
| Tuarastail | 50,150 | 48,610 |
| Ragobair | 64 | 49 |
| Liúntais | 692 | 609 |
| **Costais Eile a bhaineann leis an bhFoireann** | | |
| Ranníocaíocht an Fhostóra do Leas Sóisialta | 3,109 | 2,980 |
| Ranníocaíocht an Fhostóra do Scéimeanna Pinsin | 201 | 168 |
| Oiliúint agus Forbairt na Foirne | 728 | 885 |
| Costais Earcaithe/Athlonnaithe | 780 | 657 |
| Costais Eile a bhaineann leis an bhFoireann | 368 | 228 |
| | 56,092 | 54,186 |

Tá na costais Earcaithe agus Athlonnaithe bainteach don chuid is mó le hAthshannachán foirne sa Líonra Oifigí Thar Sáile/Réigiúnacha. Costais Eile a bhaineann leis an bhFoireann: Fóirdheontas ceaintín,
Síntiúis phroifisiúnta bhaill na foirne (faoi réir BIK), Clár Cúnaimh d'Fhostaithe, Scagthástáil Sláinte agus Pleanáil Scoir.

Ba é iomlán na foirne a fostaíodh (coibhéiseacha lánaimseartha (CL)) ar an 31 Nollaig 2017 ná 620 (le poist ghearrthéarmacha thar sáile as an áireamh) (2016 - 576).

(b) **Mionsonrú ar shochair ghearrthéarmacha fhostaithe**

| Téann Ó | Go | Líon na bhFostaithe 2017 | Líon na bhFostaithe 2016 |
|---|---|---|---|
| €60,000- | €69,999 | 98 | 99 |
| €70,000- | €79,999 | 80 | 90 |
| €80,000- | €89,999 | 139 | 121 |
| €90,000- | €99,999 | 31 | 39 |
| €100,000- | €109,999 | 25 | 20 |
| €110,000- | €119,999 | 6 | 5 |
| €120,000- | €129,999 | 3 | 2 |
| €130,000- | €139,999 | 5 | 3 |
| €140,000- | €149,999 | 2 | 2 |
| €150,000- | €159,999 | 1 | 1 |
| €160,000- | €169,999 | 1 | 1 |
| €170,000- | €179,999 | 1 | - |

Nóta: Chun críocha an nochtaithe seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a bhaineann le seirbhísí a soláthraíodh i rith na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaithe, ach nach gcuireann san áireamh ÁSPC an fhostóra.

c) **Asbhaint bainteach le Pinsin**

I rith 2017, rinneadh asbhaintí bainteach le pinsin de €2.133m (2016 - €2.253m) a bhaint as foireann Fhiontraíocht Éireann agus a aistriú chuig an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Bhain na hOifigí Fiontar Áitiúla agus Comhairle Deartha agus Ceardaíochta na hÉireann asbhaintí bainteach le pinsin óna bhfoireann de €0.033m agus €0.021m (2016 - €0.087m agus €0.017m) faoi seach. Íoctar na hasbhaintí seo le Fiontraíocht Éireann a chuireann iad ar aghaidh ina dhiaidh sin chuig an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

d) **Luach saothair na Príomhphearsanra Bainistíochta**

Ba é an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta i 2017 ná €516,138 (2016 - €570,446). Is ionann an príomhphearsanra bainistíochta agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, comhaltaí an Bhoird agus an dá Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Ní fhaigheann comhaltaí an Bhoird aon sochair iarfhostaíochta nó fhoirceanta. Cuirtear socruithe caighdeánacha maidir le sochair scoir san earnáil phoiblí i bhfeidhm don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don dá Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

Ba é seo a leanas an pacáiste Íocaíochta don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin i 2017: bunphá bliantúil de €171,407, socruithe caighdeánacha maidir le sochair scoir san earnáil phríobháideach agus carr cuideachta faoi réir sochair chomhchineáil (€12,375). Ní bhfuair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin aon íocaíocht a bhaineann le feidhmíocht i 2017.

e) **Sócmhainní Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh faoin Tairseach Caipitlithe**

Déantar caiteachas ar shócmhainní le costas aonair faoin tairseach caipitlithe de €2,500 a lua sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe sa bhliain inar ceannaíodh iad.

## 8 Scéim Sochair Scoir

a) Rinne an tAcht um Fhorbairt Tionscail (Díscaoileadh Fhorfás) 2014 (Uimh 13 de 2014) a achtaíodh ar an 16 Iúil 2014 foráil do dhíscaoileadh Fhorfás agus rinne sé foráil: do bhunú Fhiontraíocht Éireann mar fhostóir dlíthiúil ar leith; le go bhféadfadh Fiontraíocht Éireann a scéim sochair scoir féin a fhorbairt ag cur in iúl go bhféadfadh baill den fhoireann a bhí ina mbaill de Scéim sochair Fhorfás dul isteach i Scéim nua Fhiontraíocht Éireann ar théarmaí aoisliúntais a bhí chomh tairbheach leo siúd a bhí acu faoin Scéim Fhorfás díreach roimh an dáta aistrithe agus go gcuirfeadh Fiontraíocht Éireann na Dliteanais Sochair Scoir bainteacha san áireamh leis seo. Glacann an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta freagracht dhlíthiúil as scéimeanna sochair scoir, pinsin agus as iarfhoireann le sochair choinnithe de chuid Fhorfás atá ann fós. Tá Fiontraíocht Éireann freagrach as costais sochair scoir aon fhoireann a théann ar scor ó Fhiontraíocht Éireann tar éis an 31 Iúil 2014.

| Scéim | Na Baill Foirne atá Clúdaithe | Cineál |
|---|---|---|
| Fiontraíocht Éireann | (a) Foireann a earcaigh an seanFhorfás go dtí 5 Aibreán 1995 arbh fostaithe inphinsin iad tar éis an dáta sin,<br>(b) Foireann a earcaigh an seanFhorfás tar éis an 5 Aibreán 1995,<br>(c) Líon beag foirne a bhí clúdaithe roimhe seo ag scéimeanna FÁS / AnCo,<br>(d) Líon beag foirne a bhí clúdaithe roimhe seo ag Scéim Aoisliúntais Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionainne Teoranta.<br>(e) Líon beag foirne a bhí clúdaithe roimhe seo ag Scéimeanna na mBord Fiontar Contae agus Cathrach. | Sochar Sainithe Neamhchistithe Ranníocach agus Neamhranníocach |
| | Iarfhoireann ÚFT agus iad siúd a d'earcaigh Forfás sna gráid chuí idir 1 Eanáir 1994 agus 5 Aibreán 1995 | Sochar Sainithe Ranníocach arna chistiú go dtí 31/12/2009 féach nóta (a.2) |
| | Iarfhoireann Eolas (seachas iad siúd a bhí clúdaithe ag scéim an t-iar-NBST thíos) agus iad siúd a d'earcaigh an t-iar-Fhorfás sna gráid chuí idir 1 Eanáir 1994 agus 5 Aibreán 1995 | Sochar Sainithe Neamhranníocach Neamhchistithe |
| | Líon beag foirne ón t-iar-NBST a bhí fostaithe ar an 31 Nollaig 1987 | Sochar Sainithe Ranníocach Neamhchistithe |
| | Líon beag foirne ó Chomhairle Earraí na hÉireann a bhí fostaithe ar an 31 Lúnasa 1991 | Sochar Sainithe Ranníocach arna chistiú go dtí 31/12/2009 féach nóta (a.2) |
| | Iarfhoireann an Bhoird Thráchtála (seachas iad siúd a bhí clúdaithe ag scéim Chomhairle Earraí na hÉireann thuas) arbh fostaithe inphinsin iad ar an 23 Iúil 1998 | Sochar Sainithe Ranníocach Neamhchistithe |

a.1) Tá freagracht ag Fiontraíocht Éireann freisin as costais sochair scoir bhaill foirne atá páirteach i scéimeanna sochair scoir aonair sa tseirbhís phoiblí (scéim aonair).

a.2) Faoin Acht um Bhearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, aistríodh sócmhainní an dá scéim sochair scoir chistithe chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean ar an 31 Nollaig 2009. Tá na scéimeanna sochair scoir a bhaineann leis an dá chiste seo fós i bhfeidhm do na baill atá páirteach iontu cheana gan tionchar ar shochair nó ar fhorálacha bainteacha do na baill sin. Déantar ranníocaíochtaí fostóra agus fostaithe do na scéimeanna seo a chur ar aghaidh chuig an Státchiste agus is é fotheideal Deontais an Oireachtais a íocann na costais sochair scoir seo anois.

b) **Nochtú Sochair Scoir faoin FRS 102**

Éilíonn an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102) go bhfreagróidh ráitis airgeadais luach cóir na sócmhainní agus na ndliteanas ó oibleagáidí aoisliúntais an fhostóra agus aon chistiú bainteach, agus go n-aithneofar na costais a bhaineann le sochair aoisliúntais a chur ar fáil sna tréimhsí cuntasaíochta ina ghnóthaíonn na fostaithe iad.

c) **Anailís den táille sochair scoir iomlán**

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Costais Seirbhíse | 16,392 | 13,241 |
| Ús ar Dhliteanais Scéimeanna Sochair Scoir | 7,826 | 8,550 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | (2,129) | (2,045) |
| | 22,089 | 19,746 |

d) **Glanchistiú iarchurtha do sochair scoir sa bhliain**

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Cistiú In-aisghabhálta maidir le costas sochair scoir na bliana reatha | 24,218 | 21,791 |
| Cistiú chun sochair scoir a íoc | (4,562) | (4,147) |
| | 19,656 | 17,644 |

| | | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| e) | **Oibleagáidí Sochair Scoir** | (448,144) | (413,332) |
| | a chuimsíonn: | | |
| | Luach Reatha na nDliteanas ar Scéimeanna Sochair Scoir | (448,144) | (413,332) |
| | **Athrú i nDliteanais Scéimeanna Sochair Scoir** | | |
| | Luach Reatha Oibleagáidí na scéimeanna ag tús na bliana | (413,332) | (325,064) |
| | Costas Seirbhíse Reatha | (16,392) | (13,241) |
| | Costais Úis | (7,826) | (8,550) |
| | Íocaíochtaí do Phinsinéirí | 4,562 | 4,147 |
| | (Caillteanas)/ gnóthachain taithí ar Oibleagáidí Sochair Scoir | (15,210) | 3,557 |
| | Athrú sna foshuíomhanna atá ann faoi luach reatha na nDliteanas sochair scoir | 54 | (74,181) |
| | Luach Reatha oibleagáidí na scéimeanna ag deireadh na bliana | (448,144) | (413,332) |

Aithníonn Fiontraíocht Éireann mar shócmhainn suim a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe do shochair scoir ar bhonn shraith fhoshuíomhanna a dhéantar cur síos orthu thíos agus ar bhonn roinnt eachtraí a tharla roimh ré. Áirítear leis na heachtraí seo an bonn reachtúil atá ann do bhunú scéimeanna aoisliúntais, agus na polasaithe agus cleachtaithe atá i bhfeidhm faoi láthair maidir leis an tseirbhís phoiblí a chistiú. Níl aon fhianaise ag Fiontraíocht Éireann nach leanfaidh an polasaí cistithe seo ar aghaidh ag cur ar fáil chistithe de réir an chleachtais reatha.

Ba é €448.1m an tsócmhainn chistithe iarchurtha do shochair scoir ar an 31 Nollaig 2017. Tá cainníochtú an dliteanais bunaithe ar fhoshuíomhanna airgeadais atá leagtha amach i Nóta 8 (f). Déantar na foshuíomhanna a úsáidtear, atá bunaithe ar chomhairle achtúireacht phroifisiúnta, a mholadh don Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

f) Bhí an luacháil a úsáideadh do nochtuithe FRS 102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán ar an 31 Nollaig 2017. Ba iad seo a leanas na foshuíomhanna airgeadais a úsáideadh chun dliteanais scéime a ríomh faoi FRS 102 ar an 31 Nollaig 2017:

| **Modh Luachála:** | | Aonad Réamh-Mheasta 2017 | Aonad Réamh-Mheasta 2016 |
|---|---|---|---|
| Ráta Lascaine | | 1.95% | 1.90% |
| Méaduithe Tuarastail sa Todhchaí | | 3.40% | 3.35% |
| Méaduithe Sochar Scoir sa Todhchaí | | 2.90% | 2.85% |
| Ráta Úis | | 1.90% | 1.85% |
| **Meanionchas saoil ualaithe do na táblaí mortlaíochta a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a dhearbhú ag:** | | | |
| Aois an Bhaill 65 (Ionchas saoil i mblianta) | Fireann | 21.1 | 21.1 |
| | Baineann | 23.7 | 23.6 |
| Aois an Bhaill 45 (ionchas saoil ag aois 65 i mblianta) | Fireann | 23.7 | 23.6 |
| | Baineann | 25.8 | 25.7 |

g) **Sochair Scoir a Chistiú**
Táthar ag súil leis gur €3.7m a bheidh sna híocaíochtaí d'oibleagáidí neamhchistithe in 2018.

## 9 Gluaiseacht i Luach Shócmhainní Seasta

| | Nótaí | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| Dímheas Réadmhaoine, Ghléasra & Trealaimh | 16 | 461 | 708 |
| Gluaiseacht i Luach Cóir Chistí Caipiteal Síl agus Fiontair | 17(a) | 1,193 | (10,740) |
| Gluaiseacht i Luach Cóir Infheistíochtaí Luaite | 17(b) | 53 | (928) |
| Foráil do bhearnúchán i Luach na nInfheistíochtaí Neamhluaite | 17(c) | 25,558 | 6,016 |
| Laghdú i Luach Infheistíochtaí - Díscríbhinní maidir le Cuideachtaí Leachtaithe/díscaoilte | 17(c) | 19 | 15 |
| | | 27,284 | (4,929) |

## 10 Laghdú i Luach Iasachtaí Lamháltais d'Eintitis Leasa Phoiblí

| | Nótaí | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| Díscríbhinní don Bhliain | 18 | 676 | 278 |
| Gluaiseacht sa bhForáil in aghaidh Fiach Amhrasach don Bhliain | 18 | (231) | (109) |
| | | 445 | 169 |

## 11 Brabús ar dhiúscairt Shócmhainní Seasta (glan)

| | 2017 Brabús/(Caillteanas) ó Dhiúscairt €'000 | 2016 Brabús/(Caillteanas) ó Dhiúscairt €'000 |
|---|---|---|
| Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh | 7 | 219 |
| Sócmhainní Seasta Airgeadais | 38,547 | 25,888 |
| | 38,554 | 26,107 |

a) Cuimsíonn an Brabús/(Caillteanas) ar dhiúscairt Réadmhaoine, Ghléasra & Trealaimh:

| | 2017 | | | 2016 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Glanluach de réir na leabhar Méid €'000 | Díolachán Fáltais €'000 | Brabús/(Caillteanas) ó Dhiúscairt €'000 | Glanluach de réir na Leabhar Méid €'000 | Díolachán Fáltais €'000 | Brabús/(Caillteanas) ó Dhiúscairt €'000 |
| Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh | - | 7 | 7 | 20 | 239 | 219 |
| | - | 7 | 7 | 20 | 239 | 219 |

Baineann brabús ó dhiúscairt 2016 le haisíoc an CBL maidir le géilliúint léas Pháirc Gnó an Phointe Thoir.

b) Cuimsíonn an brabús ó dhiúscairt Sócmhainní Seasta Airgeadais:

2017

| | Costas Bunaidh €'000 | Foráil roimhe seo do Bhearnúchán €'000 | Glanluach de réir na Leabhar Méid €'000 | Luach Cóir Suim ghlanluacha €'000 | Díolachán Fáltais €'000 | Brabús/(Caillteanas) ó Dhiúscairt glan |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Sócmhainní Seasta Airgeadais: | | | | | | |
| Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair | - | - | - | 25,869 | 54,061 | 28,192 |
| Infheistíocht i Scaireanna - Luaite | - | - | - | 1,511 | 860 | (651) |
| Infheistíochtaí i Scaireanna - Neamhluaite | 15,066 | 4,616 | 10,450 | - | 21,456 | 11,006 |
| | 15,066 | 4,616 | 10,450 | 27,380 | 76,377 | 38,547 |

2016

| | Costas Bunaidh €'000 | Foráil roimhe seo do Bhearnúchán €'000 | Glanluach de réir na Leabhar Méid €'000 | Luach Cóir Suim ghlanluacha €'000 | Díolachán Fáltais €'000 | Brabús/(Caillteanas) ó Dhiúscairt glan |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Sócmhainní Seasta Airgeadais: | | | | | | |
| Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair | - | - | - | 25,549 | 36,874 | 11,325 |
| Infheistíocht i Scaireanna - Luaite | - | - | - | - | - | - |
| Infheistíocht i Scaireanna - Neamhluaite | 17,842 | 6,126 | 11,716 | - | 26,279 | 14,563 |
| | 17,842 | 6,126 | 11,716 | 25,549 | 63,153 | 25,888 |

Choinnigh tríú páirtithe suimeanna de €1.410m (2016 - €4.056m) maidir le diúscairt infheistíochtaí in eascró thar ceann Fhiontraíocht Éireann ag dáta na tuairiscithe. I gcomhréir le polasaí cuntasaíochta Fhiontraíocht Éireann, aithneofar na suimeanna seo nuair a gheobhaidh Fiontraíocht Éireann iad.

## 12 Ranníocaíocht (ón)/don Státchiste

I rith 2016 fuair Fiontraíocht Éireann ceadú ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta chun Ioncam ó Acmhainn Dhílis de €75.129m a gnóthaíodh i 2016 a choinneáil. Bhí aon chaipiteal ó acmhainn dhílis sa bhreis ar seo le haisíoc don Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta mar ranníocaíocht don Státchiste. Bhí an t-ioncam caipitiúil ó acmhainní dílse a gnóthaíodh i 2016 €1.196m sa bhreis ar an teorainn cheadaithe de €75.129m agus fabhraíodh an t-aisíoc seo don Státchiste i Ráitis Airgeadais 2016. I 2017 fuair Fiontraíocht Éireann ceadú ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta chun €1.196m d'ioncam breise a choinneáil chun tacaíochtaí airgeadais do Thionscal a chistiú. Aisiompaíodh tabhú 2016 i Ráitis Airgeadais 2017.. Fuair Fiontraíocht Éireann ceadú ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta Ioncam ó Acmhainn Dhílis de €88.164m a choinneáil i 2017. Ba é €86.941m an méid Ioncaim ó Acmhainn Dhílis a gnóthaíodh agus a coinníodh i 2017..

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Fáltais Bhreise thar an méid a cheadaigh an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta | | |
| Ioncam Caipitiúil ó Acmhainn Dhílis (Fuascailt Scaireanna, Díbhinní, Aisíocaíochtaí Deontais & Diúscairt Threalamh) | (1,196) | (252) |
| Aisíoc de dheontas Oireachtais - Oifigí Fiontar Áitiúla | 91 | 190 |
| Aisíoc dheontais EGF nár úsáideadh - Oifigí Fiontar Áitiúla | 1 | 11 |
| | (1,104) | (51) |

## 13 Cuntas Caipitil

| | | 2017 | | 2016 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Iarmhéid Tosaigh | | | 414,021 | | 360,565 |
| Glanghluaiseachtaí ar: | | | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | | (272) | | (373) | |
| Infheistíocht i Scaireanna | | (728) | | 14,656 | |
| Cistí Caipiteal Síl & Fiontair | | 25,139 | | 39,173 | |
| Aistriú ón Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe | | | 24,139 | | 53,456 |
| Iarmhéid Deiridh | | | 438,160 | | 414,021 |

Freagraíonn an Cuntas Caipitil d'airgead a dhéantar a infheistiú i Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh, lena n-áirítear: Talamh agus Foirgnimh, Mótarfheithiclí, Daingneáin agus Feistis, Scaireanna i gcuideachtaí luaite agus neamhluaite agus infheistíochtaí i gCistí Caipiteal Síl agus Fiontair.

## 14 Cuntas Réamhíocaíochtaí Stáit

| | Nótaí | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | | 12,188 | 12,548 |
| Deontais In-aisghabhála a íocadh do OFAnna | | 3,459 | 3,699 |
| Aistriú chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe maidir le hIasachtaí Lamháltais d'Eintitis Leasa Phoiblí | 18 | (3,983) | (4,059) |
| Iarmhéid Deiridh | | 11,664 | 12,188 |

Freagraíonn an Cuntas Réamhíocaíochtaí Stáit d'airgead a réamhíoctar le Fiontraíocht Éireann agus cuideachtaí cliaint BFC agus OFA trí bhíthin tacaíocht airgeadais inaisíoctha, a bhfuil fós gan íoc, lúide foráil in aghaidh fiach amhrasach.

## 14 Cánachas

Forálann Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, do dhíolúine ó cháin ar ioncam chomhlachtaí stáit neamh-thráchtála seachas nuair atá an t-ús infhaighte faoi réir cháin ag an bhfoinse (msh. DIRT). Déantar an glanmhéid d'ioncam den chineál sin a chur do shochar an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe. Tá Fiontraíocht Éireann faoi dhliteanas cánacha fostóra in Éirinn agus comhlíonann sí na hoibleagáidí siarchoinneálacha, tuairiscithe agus íocaíochta. I roinnt tíortha ina bhfuil sí ag feidhmiú, fuarthas dearbhú nach bhfuil cánacha fostaíochta áitiúla i bhfeidhm faoin alt um Sheirbhísí Rialtais den chomhaontas cánach dúbailte cuí. Níl an t-alt seo i bhfeidhm i ndá dlínse (an Fhrainc agus an Bheilg).

## 16 Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh

| | Talamh, Foirgnimh & Léasacht Feabhsuithe €'000 | Mótarfheithiclí €'000 | Daingneáin, Feistis, Ríomhairí & Saothair Ealaíne €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2017 | 29,368 | 244 | 5,072 | 34,684 |
| Suimeanna breise | 125 | - | 64 | 189 |
| Diúscairtí | - | - | (346) | (346) |
| Ar an 31 Nollaig 2017 | 29,493 | 244 | 4,790 | 34,527 |
| **Dímheas** | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2017 | 28,342 | 145 | 4,668 | 33,155 |
| Athrú don Bhliain | 250 | 36 | 175 | 461 |
| Diúscairtí | - | - | (346) | (346) |
| Ar an 31 Nollaig 2017 | 28,592 | 181 | 4,497 | 33,270 |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2017 | 901 | 63 | 293 | 1,257 |
| Ar an 31 Nollaig 2016 | 1,026 | 99 | 404 | 1,529 |

## 17 Sócmhainní Seasta Airgeadais

Déantar achoimre ar shuimeanna glanluacha shócmhainní airgeadais Fhiontraíocht Éireann thíos

| | Nótaí | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Airgeadais ag an Luach Cóir** | | | |
| Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair | 17(a) | 286,918 | 261,779 |
| Infheistíocht i Scaireanna Luaite | 17(b) | 1,103 | 2,667 |
| **Sócmhainní Airgeadais gur Ionstraimí Cothromais iad arna mheas ag Costas lúide bearnúchán** | | | |
| Infheistíocht i Scaireanna Neamhluaite | 17(c) | 148,882 | 148,046 |
| Sócmhainní Seasta Airgeadais Iomlán | | 436,903 | 412,492 |

### a) Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair

Cuireann Fiontraíocht Éireann airgead ar fáil faoi Alt 6 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1995, le haghaidh Chaipiteal Síl agus Fiontair chun cabhrú le fiontair leathnú amach agus gníomhaíochtaí nua a fhorbairt nó chun nuálacha agus teicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach. Déantar réamhíocaíochtaí Fhiontraíocht Éireann a aistriú chuig gnóthais infheistíochta agus déantar iad a comhcheangal le cistiú ón earnáil phríobháideach. Déanann Bainisteoir Cistí gach ciste den chineál sin a bhainistiú.

Ba é an olltoradh buiséid don bhliain ná:

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Suim ghlanluacha ag an Luach Cóir** | | |
| Ar an 1 Eanáir | 261,779 | 222,606 |
| Suimeanna breise | 52,201 | 53,982 |
| Diúscairtí | (25,869) | (25,549) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) ar ghluaiseacht Luach Cóir i rith na bliana | (1,193) | 10,740 |
| Ar an 31 Nollaig | 286,918 | 261,779 |

Deimhníodh luach cóir na n-infheistíochtaí sna cistí Caipiteal Síl agus Fiontair ag úsáid meascán de theicnící cóirluacha a chuir na Bainisteoirí Cistí i bhfeidhm.

b) **Infheistíocht i Scaireanna Luaite**

Is ionann Infheistíochtaí Liostaithe agus scaireanna cuideachtaí atá luaite i stocmhalartán aitheanta. Dearbhaíodh Luach Cóir na n-Infheistíochtaí liostaithe le tagairt don mhargadhphraghas luaite ag dáta na tuairiscithe. Ba é luach cóir na scaireanna liostaithe ar an 31 Nollaig 2017 ná €1.103m (2016 - €2.667m).

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Suim ghlanluacha ag an Luach Cóir** | | |
| Ar an 1 Eanáir | 2,667 | 1,739 |
| Scaireanna athaicmithe ó Neamhluaite go Luaite - Costas | - | 523 |
| Scaireanna athaicmithe ó Neamhluaite go Luaite - Bearnúchán | - | (523) |
| Suimeanna breise | - | - |
| Diúscairtí | (1,511) | - |
| Gnóthachan/(Caillteanas) ar ghluaiseacht Luach Cóir i rith na bliana | (53) | 928 |
| Ar an 31 Nollaig | 1,103 | 2,667 |

Baineann an ghluaiseacht luach cóir i 2017 leis na caillteanais luach cóir ar scaireanna sealbhaithe i Spectra 7 Microsystems INC agus i Kyckr PLC agus gnóthachan luach cóir ar scaireanna sealbhaithe i Rapid 7 INC.

c) **Infheistíocht i Scaireanna Neamhluaite**

| | Nótaí | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | |
| Ar an 1 Eanáir | | 328,426 | 323,085 |
| Scaireanna athaicmithe ó Neamhluaite go Luaite | | - | (523) |
| Suimeanna breise | | 36,863 | 31,475 |
| Diúscairtí | | (15,066) | (17,842) |
| Díbhscríbhinní maidir le cuideachtaí leachtaithe/díscaoilte | 9 | (8,565) | (7,769) |
| Ar an 31 Nollaig | | 341,658 | 328,426 |
| **Foráil in aghaidh Bhearnúcháin sa Luach** | | | |
| Ar an 1 Eanáir | | 180,380 | 188,767 |
| Scaireanna athaicmithe ó Neamhluaite go Luaite | | - | (523) |
| Fuascailt Dhiúscairtí | | (4,616) | (6,126) |
| Fuascailt Dhíscríbhinní maidir le cuideachtaí leachtaithe/díscaoilte | 9 | (8,546) | (7,754) |
| Méadú sa bhforáil | | 25,558 | 6,016 |
| Ar an 31 Nollaig | | 192,776 | 180,380 |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | |
| Ar an 31 Nollaig | | 148,882 | 148,046 |

## 18 Iasachtaí Lamháltais d'Eintitis Leasa Phoiblí

| Bhí na hiasachtaí lamháltais seo a leanas ag Fiontraíocht Éireann ag deireadh na bliana | BFC/OFA In-Aisíoctha Tacaíocht Airgeadais €'000 | T&F & Caipiteal Tacaíocht Airgeadais €'000 | Foráil in aghaidh Amhrasach Fiachais €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2017 | 13,824 | 1,885 | (3,521) | 12,188 |
| Deontais In-aisghabhála a íocadh do chuideachtaí | 3,459 | - | - | 3,459 |
| Deontais in-aisghabhála a fuarthas ó chuideachtaí | (3,198) | (340) | - | (3,538) |
| Díbhscríbhinní don bhliain | (676) | - | - | (676) |
| Foráil don bhliain | - | - | 231 | 231 |
| Gluaiseachtaí glana don Bhliain | (415) | (340) | 231 | (524) |
| Iarmhéid deiridh ar an 31 Nollaig 2017 | 13,409 | 1,545 | (3,290) | 11,664 |
| Infhaighte laistigh de 12 mhí | 5,792 | 1,233 | (3,290) | 3,735 |
| Infhaighte tar éis 12 mhí | 7,617 | 312 | - | 7,929 |
| Méid Iomlán dlite | 13,409 | 1,545 | (3,290) | 11,664 |

Déantar deontais in-aisíoctha a aicmiú mar iasachtaí lamháltais d'eintitis leasa phoiblí, sé sin iasachtaí a thugtar chun críocha cuspóirí an eintitis leasa phoiblí a chur chun cinn. Níl na Deontais In-aisghabhála a eisíonn Fiontraíocht Éireann agus na hOifigí Fiontar Áitiúla do chuideachtaí cliaint inaisíoctha ar éileamh agus eisítear iad ag ráta úis faoin ráta margaidh atá ann nó saor ó ús.

## 19 Infháltais

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin: | | |
| Féichiúnaithe Trádála | 229 | 382 |
| Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe | 3,176 | 3,718 |
| Laghdaithe Phárolla | 64 | 49 |
| Féichiúnaithe Eile | 577 | 727 |
| | 4,046 | 4,876 |

In Aibreán 2010, bhunaigh an tAire Airgeadais an Oifig Athbhreithnithe Creidmheasa (CRO) mar phróiseas athbhreithnithe simplí agus éifeachtach do gnóthais bheaga agus mheánmhéide (SMEs), do thrádálaithe aonair agus d'fhiontair feirme a dhiúltaigh bainc atá ag glacadh páirt sa scéim NAMA creidmheas a thabhairt dóibh, agus an polasaí creidmheasa a fhiosrú chun cabhrú leis an Aire cinneadh a dhéanamh faoi gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun an sreabhadh creidmheasa a mhéadú. Tugann Fiontraíocht Éireann cóiríocht don Oifig Athbhreithnithe Creidmheasa (CRO) agus aisghabhtar na costais ar fad ó na bainc rannpháirteacha. Ar an 31 Nollaig 2017, bhí €0.160m (2016 - €0.270m) (cuimsithe le Féichiúnaithe Eile) dlite d'Fhiontraíocht Éireann do chaipiteal oibre sealadach.

## 20 Suimeanna Iníoctha - Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin

| | | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Creidiúnaithe Tráchtála | | 928 | 877 |
| Fabhruithe | | 3,953 | 3,571 |
| Creidiúnaithe Tacaíochta Airgeadais | | 1,959 | 71 |
| CBL Iníoctha | | 83 | 128 |
| Seirbhísí Proifisiúnta a Choinníonn Siar Cáin atá Dlite | | 188 | 152 |
| Ranníocaíocht don Státchiste | | 91 | 1,386 |
| Réamhíocaíochtaí Conartha | | 2,455 | 3,221 |
| Eile | 5 | 6 | |
| | | 9,662 | 9,412 |

## 21 Ceangaltais

### a) Léasanna Oibriúcháin

Ba é €6.534m (2016 - €6.655m) méid na n-íocaíochtaí a rinneadh faoi na Léasanna Oibriúcháin ar Fhoirgnimh tabhaithe sna ráitis airgeadais.. Tá íocaíochtaí faoi na Léasanna Oibriúcháin ar Fhoirgnimh de €6.638m dlite i 2018. Is iad iomlán na n-íocaíochtaí léasa íosta don todhchaí faoi na léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas ná:

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| bliain amháin ar a mhoille | 6,638 | 6,830 |
| níos moille ná bliain amháin ach cúig bliana ar a mhoille | 15,526 | 16,744 |
| níos moille ná cúig bliana | 28,723 | 34,306 |
| | 50,887 | 57,880 |

### b) Ceangaltais Tacaíochta Airgeadais

Meastar go mbeidh €412m (2016 - €450m) d'íocaíochtaí ar dócha go n-eascróidh siad ó cheangaltais tacaíochta airgeadais atá mar chuid de scéimeanna éagsúla, lena n-áirítear scéimeanna AE, le déanamh ann amach anseo.

c) **Cistí Caipiteal Síl & Fiontair**

Meastar go mbeidh €152m (2016 - €188m) d'íocaíochtaí ar dócha go n-eascróidh siad ó Chistí Caipiteal Síl agus Fiontair atá mar chuid de chomhaontuithe conartha éagsúla, le déanamh amach anseo.

d) **Ceangaltais Chaipitil**

Ní dócha go n-eascróidh aon íocaíocht ábhartha amach anseo as ceangaltais tógála caipitil.

**21 Réadmhaoin**

a) **Talamh agus Foirgnimh Ruílse**

Is le Fiontraíocht Éireann Talamh agus Foirgnimh sna háiteanna seo a leanas:

| Suíomh | Glanluach de réir na Leabhar ar an 31.12.17 €'000 | Glanluach de réir na Leabhar ar an 31.12.16 €'000 |
|---|---|---|
| Áth Luain | - | - |
| Corcaigh | 10 | 10 |
| Dún Dealgan | - | - |
| Gaillimh | - | - |
| Glas Naíon | - | - |
| Sionainn | - | - |
| Sligeach | - | - |
| Port Láirge | - | - |
| | 10 | 10 |

b) **Réadmhaoin léasachta**

Tógann Fiontraíocht Éireann oifigí ar léas ag na suíomhanna seo a leanas:

| Suíomh | Dáta Éaga | Clásál Scoir | Préimh Bhliantúil €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ceannoifig - Baile Átha Cliath** | | | |
| An Pointe Thoir (P4A) | 2031 | 2021 | 1,370 |
| An Pointe Thoir (P4C) | 2031 | 2021 | 1,370 |
| Carrchlós Imeachtaí an Phointe Thoir | 2018 | | 64 |
| **Oifigí Réigiúnacha** | | | |
| Leitir Ceanainn | 2018 | | 30 |
| Trá Lí | 2019 | | 49 |
| An Pháirc Thiar - Sionainn | 2028 | 2022 | 336 |
| **Oifigí Thar Sáile** | | | |
| Amstardam | 2021 | * | 85 |
| Austin | 2019 | ** | 50 |
| Béising | 2018 | ** | 162 |
| Bostún | 2019 | | 93 |
| An Bhruiséil | 2018 | | 55 |
| Chicago | 2018 | | 35 |
| Doha | 2018 | | 51 |
| Dubai | 2018 | * | 96 |
| Dusseldorf | 2021 | * | 127 |
| Hong Cong | 2019 | | 83 |
| Iostanbúl | 2018 | | 40 |
| Johannesburg | 2018 | ** | 23 |
| Londain | 2026 | * | 510 |
| Milano | 2018 | * | 96 |
| Mountain View | 2019 | ** | 205 |
| Mumbai | 2018 | | 161 |
| Páras | 2018 | | 119 |
| São Paulo | 2019 | | 59 |
| Toronto | 2018 | ** | 47 |

## **Nótaí leis an Ráiteas Airgeadais** don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

Trí mhodh mheabhráin thuisceana faigheann Fiontraíocht Éireann spás oifige ar cíos ón Roinn Gnóthaí Eachtracha & Trádála sna suíomhanna a liostáiltear thíos.

| Suíomh | Dáta Éaga | Clásál Scoir | Préimh Bhliantúil €'000 |
|---|---|---|---|
| Búdaipeist | | | 10 |
| Nua-Eabhrac | | ** | 697 |
| Maidrid | | | 57 |
| Moscú | | | 27 |
| Prág | | 32 | |
| Riyadh | | | 12 |
| Súl | | 73 | |
| Shanghai | | | 67 |
| Singeapór | | | 73 |
| Stócólm | | | 33 |
| Sydney | | | 88 |
| Tóiceo | | | 93 |
| Vársá | | | 60 |
| Iomlán | | | 6,638 |

* Cuimsítear cíos íoctha maidir le foléasú spás oifige do ghníomhaireachtaí eile.

** Cuimsítear cíos íoctha maidir le foléasú spás gorlainne do chuideachtaí cliaint.

## 23 Páirtithe Gaolmhara - Nochtú Idirbhearta

Is ionann an príomhphearsanra bainistíochta Fiontraíocht Éireann agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, comhaltaí an Bhoird agus an dá stiúrthóir feidhmiúcháin. Ba é an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta ná €0.516m (2016 - €0.570m). Chun mionsonrú den phá agus do na sochair a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, déan tagairt led thoil do Nóta 7 (c).

Ghlac Fiontraíocht Éireann le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtú na gComhaltaí Boird dá leasanna agus chloígh Fiontraíocht Éireann leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana.

Cloígh comhaltaí Boird Fhiontraíocht Éireann le treoirlínte na Ranna Airgeadais a chlúdaíonn cúrsaí a bhaineann le leasa pearsanta. I ngnáthchúrsa an ghnó, is féidir le Fiontraíocht Éireann cead a thabhairt do thacaíocht airgeadais agus infheistíochtaí fábharacha i scaireanna tosaíochta agus gnáthscaireanna agus do shocruithe conarthacha le gnóthais a bhfuil comhaltaí Boird Fhiontraíocht Éireann fostaithe iontu nó go bhfuil leas acu iontu.

Nuair a bhí baol coinbhleacht leasa ann, ní bhfuair comhaltaí Boird doiciméid ón mBord faoin idirbheart beartaithe agus níor ghlac na comhaltaí sin páirt nó níor fhreastail siad ar phléití faoi na hábhair sin. Is féidir sceideal de na hidirbhearta seo a fháil ar iarratas.

Tugtar mionchuntas thíos ar na ceaduithe agus íocaíochtaí maidir le Tacaíocht Airgeadais agus idirbhearta eile i rith na bliana a tugadh do chuideachtaí ina bhfuil comhaltaí den Bhord fostaithe nó go bhfuil baint acu leo. Cuimsíonn sé seo scairsealbhaithe in institiúidí airgeadais a bhfuil leas acu i gCistí Caipiteal Síl agus Fiontair a bhfuil infheistíochtaí déanta ag Fiontraíocht Éireann iontu.


Déantar mionsonrú orthu seo mar a leanas:

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Tacaíocht Airgeadais Formheasta | 2,561 | 7,315 |
| Tacaíocht Airgeadais Íoctha | 5,141 | 5,968 |
| Tacaíocht d'Institiúidí Taighde Formheasta | 3,578 | - |
| Tacaíocht d'Institiúidí Taighde Íoctha | 4,402 | 6,389 |
| Infheistíochtaí Síl agus Fiontair Formheasta | 2,660 | - |
| Infheistíochtaí Síl agus Fiontair Íoctha | 11,201 | 9,276 |
| Fáltais ó Infheistíochtaí Síl agus Fiontair | 10,293 | 14,523 |
| Íocaíochtaí do Sholáthróirí | 897 | 824 |
| Ioncam Eile Faighte | 133 | 1,092 |

## 24 Formheas na Ráiteas Airgeadais

Rinne Bord Fhiontraíocht Éireann na ráitis airgeadais a fhormheas ar an 9 Bealtaine 2018.

# **Struchtúr Eagraíochta** i Meitheamh 2018



# Líonra oifigí Fhiontraíocht Éireann

| Réigiún/Oifig | Guthán | Seoladh |
|---|---|---|
| **CEANNOIFIG** | | |
| Baile Átha Cliath | +(353 1) 727 2000 | The Plaza, Páirc Ghnó an Phointe Thoir, Baile Áth Cliath 3, D03 E5R6 |
| **AN CEANNCHEATHRÚ NÁISIÚNTA D'FHIONTRAÍOCHT AGUS FORBAIRT RÉIGIÚNACH** | | |
| Sionainn | +(353 61) 777 000 | 4500 Ascaill an Atlantaigh, an Pháirc Thiar, Sionainn, Co. an Chláir, V14 Y177 |
| **LÍONRA RÉIGIÚNACH** | | |
| **BAILE ÁTHA CLIATH/AN LÁR-OIRTHIR** | | |
| Baile Átha Cliath | +(353 1) 727 2000 | The Plaza, Páirc Ghnó an Phointe Thoir, Baile Áth Cliath 3, D03 E5R6 |
| **LÁR NA TÍRE** | | |
| Áth Luain | +(353 90) 648 7100 | Bóthar Bhaile Átha Cliath, Áth Luain, Co. na hIarmhí, N37 NX72 |
| **OIRTHUAISCEART** | | |
| Dún Dealgan | +(353 42) 935 4400 | Páirc Tionscail Fhionnúrach, Dún Dealgan, Co. an Lú, A91 RYY1 |
| **IARTHUAISCEART** | | |
| Sligeach | +(353 71) 915 9700 | Páirc Ghnó Fhionasclainn, Sligeach, F91 VK3V |
| Leitir Ceanainn | +(353 74) 916 9800 | CoLab, Bóthar an Chalafoirt, Leitir Ceanainn, Co. Dún na nGall, F92 CPX7 |
| **AN LÁR-IARTHAR** | | |
| Sionainn | +(353 61) 777 000 | 4500 Ascaill an Atlantaigh, an Páirc Thiar, Sionainn, Co. an Chláir, V14 Y177 |
| Trá Lí | +(353 66) 714 9394 | 13/14 Sráid Deiní, Trá Lí, Co. Chiarraí, V92 XY5C |
| **DEISCEART/OIRDHEISCEART** | | |
| Corcaigh | +(353 21) 480 0200 | Industry House, Ascaill Rosa, Baile an Easpaig, Corcaigh, T12 WCH2 |
| Port Láirge | +(353 51) 333 500 | Páirc Tionscail Phort Láirge, Bóthar Chorcaigh, Port Láirge, X91 K46F |
| **IARTHAR** | | |
| Gaillimh | +(353 91) 735 900 | Páirc Ghnó Mervue, Gaillimh, H91 XE9N |
| **OIFIGÍ THAR SÁILE** | | |
| **TUAISCEART NA hEORPA** | | |
| Amstardam | +(31 20) 676 3141 | World Trade Center, Strawinskylaan 1351, 1077 XX Amstardam, an Ísiltír |
| An Bhruiséil | +(31 2) 676 3141 | Sablon Tower 14ú urlár, Rue Joseph Stevens 7, Jozef Stevensstraat, Bruxelles 1000 Brussel, an Bheilg |
| Düsseldorf | +(49 211) 470 590 | Derendorfer Allee 6, 40476 Düsseldorf, an Ghearmáin |
| Londain | +(44 207) 438 8700 | 2ú urlár, Shaftesbury House, 151 Shaftesbury Avenue, London WC2H 8AL, Sasana |
| Páras | +(33 1) 5343 1200 | 33 rue de Miromesnil, 75008 Paris, an Fhrainc |
| Stócólm | +(46 8) 459 2160 | Hovslagargatan 5, 4ú urlár, SE-111 48 Stócólm, an tSualainn |
| **LÁR AGUS OIRTHIR NA hEORPA, COMHLATHAS NA STÁT NEAMHSPLEÁCH AGUS AN RÚIS** | | |
| Búdaipeist | +(36 1) 301 4950 | Bank Centre, Szabadság tér 7, 1054 Budapest, an Ungáir |
| Moscú | +(7 495) 937 5943 | c/o Rannóg Tráchtála, Ambasáid na hÉireann, Grokholski Pereulok 5, 129010 Moscú, an Rúis |
| Prág | +(420 2) 5719 9621 | Trziste 13, 118 00 Prág 1 Poblacht na Seice |
| Vársá | +(48 22) 583 1200 | Mysia 5, 00-496 Vársá, An Pholainn |

| Réigiún/Oifig | Guthán | Seoladh |
|---|---|---|
| **DEISCEART NA hEORPA, AN MEÁN-OIRTHIR AGUS AN AIFRIC** | | |
| Abu Dhabi | +(971 2) 495 8245 | Ambasáid na hÉireann, Abu Dhabi, Road 19 off 32 Street, Al Bateen, PO Box 61581, Abu Dhabi, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha |
| Doha | +(974 441) 01735 | Oifig 825, 8ú urlár, Al Fardan Office Tower, West Bay, PO Box 31316, Doha, Catar |
| Dubai | +(971 4) 3760 400 | 4ú urlár, Office 4b, H Dubai Office Tower, No. 1, Sheikh Zayed Road, PO Box 115425, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha |
| Iostanbúl | +(90 212) 809 1149 | Mecidiyekoy Yolu Cad. Trump Towers Kule 1 No: 3104 Kat:31 34387 – Sisli, Iostanbúl, an Tuirc |
| Johannesburg | +(27 11) 550 5440 | 24 Fricker Road, Illovo, Sandton 2196, an Aifric Theas |
| Maidrid | +(34 91) 436 4086 | Casa de Irlanda, Paseo de la Castellana, 46–3, 28046 Maidrid, an Spáinn |
| Milano | +(39 02) 880 0991 | Via de Amicis 53, 20123 Milano, an Iodáil |
| Riyadh | +(966 1) 488 1383 | c/o Embassy of Ireland, Diplomatic Area, PO Box 94349, Riyadh 11693, Ríocht na hAraibe Sádaí |
| **CRÍOCHA MHEIRICEÁ** | | |
| Austin | +(1 512) 792 5499 | 515 Congress Ave, Suite 1750, Austin, TX 78701 |
| Bostún | +(1 617) 292 3001 | 535 Boylston St, 5ú urlár, Bostún, 02116 MA, SAM |
| Chicago | +1(312)-860-9753 | Enterprise Ireland Chicago, 401 N Michigan Ave., Suite 1248, Chicago, IL 60611 |
| Nua-Eabhrac | +(1 212) 371 3600 | Ireland House, 345 Park Avenue, 17ú urlár, Nua-Eabhrac, NY 10154-0037, SAM |
| São Paulo | +(55 11) 3355 4800 | Rua Haddock Lobo, 1421, Conj. 51, Cerqueira César, 01414-003, São Paulo, SP, an Bhraisíl |
| Silicon Valley (Mountain View) | +(1 650) 294 4080 | 800 West, El Camino Real, Suite 420 Mountain View, CA 94040, SAM |
| Toronto | +(1 416) 934 5033 | 2 Bloor Street W, Suite 1501, Toronto, Ontario, M4W 3E2, Ceanada |
| **AN AIGÉAN CIÚIN AGUS AN ÁIS** | | |
| Béising | +(86 10) 8448 8080 | c/o Commercial Section, Embassy of Ireland, C612A Office Building, Beijing Lufthansa Ctr., No. 50 Liangmaqiao Road, Chaoyang District, Béising 100125, an tSín |
| Hong Cong | +(852) 2845 1118 | Room 504 (5/F), Tower 2 Lippo Centre, 89 Queensway, Admiralty, Hong Cong |
| Deilí Nua | +(91) 9920844760 | Commercial Section, Embassy of Ireland, C17 Malcha Marg, Chanakyapuri, Deilí Nua 110021, an Ind |
| Súl | +(82 2) 721 7250 | Ireland House, 13ú urlár Leema B/D, 42 Jongro 1-Gil, Jongro-Ku, Súl 110-755, an Chóiré |
| Shanghai | +(86 21) 6010 1380 | Commercial Section, Consulate General of Ireland, Suite 700A, West Tower, Shanghai Centre, 1376 Nanjing Road West, Shanghai 200040, an tSín |
| Singeapór | +(65 673) 32180 | Ireland House, 541 Orchard Road #08-00, Liat Towers, Singeapór 238881 |
| Sydney | +(61 2) 9273 8514 | Level 26, 1 Market Street, Sydney 2000, NSW, an Astráil |
| Tóiceo | +(81 3) 3263 0611 | Ireland House, 2-10-7 Kojimachi, Chiyoda-ku, Tóiceo, 102-0083, an tSeapáin |

ENTERPRISE IRELAND

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Fiontraíocht Éireann, The Plaza, Páirc Ghnó an Phointe Thoir, Baile Átha Cliath 3
Teil (01) 727 2000
**www.enterprise-ireland.com**

Is féidir an Tuarascáil Bhliantúil seo a léamh ar líne ag:
**www.enterprise-ireland.com/annualreport2017**

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

European Union
European Structural and Investment Funds

Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa d'Éirinn 2014-2020.
Comhchistithe ag Rialtas na hÉireann agus an tAontas Eorpach.

© Fiontraíocht Éireann Meitheamh '18











